



NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Éire

Tuarascáil agus Cuntais

don bhliain dar críoch

31 Nollaig 2004



Michael J. Somers
Príomhfheidhmeannach



John C. Corrigan



Anne Counihan



Adrian J. Kearns



Brendan McDonagh



Oliver Whelan

Creatlach Dlíthiúil

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990. Bunaíodh í chun “airgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus chun riaradh a dhéanamh ar an bhFiach Náisiúnta ar son agus faoi réir rialaithe agus cinnreachta an Aire Airgeadais. San áireamh leis sin, beidh uirthi feidhmeanna áirithe eile a chomhlíonadh a bhaineann leis na hábhair atá luaite, agus freastal ar chúrsaí bainteacha eile”. Tá an chumhacht agus an éifeacht chéanna ag dualgais nó ag dlíteanais a ghlacann an NTMA uirthi féin i gcur i bhfeidhm a cuid oibre, is a bheadh ag an Aire féin.

Tá an Príomhfheidhmeannach, a bhíonn ceaptha ag an Aire Airgeadais, ag freagairt go díreach chuig an Aire agus tá sé/sí mar an Oifigeach Cuntasaíochta i gcás Choiste na Dála um Chuntais Phoiblí. Tá Coiste Comhairleach ag an NTMA, chun cabhrú léi agus chun comhairle a chur ar fáil maidir le cúrsaí a luann an NTMA leis.

Tugadh feidhmeanna eile don NTMA faoi na reachtanna seo a leanas:

- An tAcht um Urrú (Fáltas ó Mhorgáistí Áirithe) 1995;
- An tAcht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000;
- An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000;
- An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001;
- Acht na gCuntas Díomhaoin 2001;
- An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta 2002;
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002;
- An tAcht um Phleanáil agus Fhorbairt(Leasú) 2002;
- An tAcht um Pholasaithe Árachais Saoil nár hÉilíodh 2003, agus
- Achtanna Airgeadais éagsúla.



National Treasury Management Agency

22 Meitheamh 2005

Brian Cowen, T.D.,
An tAire Airgeadais,
Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfean Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2.

A Aire,

Is mór an onóir dom Tuarascáil agus Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004, a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas,

Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Clár Ábhair

Forbhreathnú	6
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	8
Achoimre ar Ghníomhaíochtaí	9
Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú	12
Coigiltis Miandíola	26
Rátaí Creidmheasa	29
Ulysses Securitisation plc	30
Choimisiúin an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean	31
Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	32
Ciste Árachais Shóisialaigh	34
Seirbhís an Stáitchiste Lárnaigh	35
Níomhaireacht Éileamh an Stáit	36
Cuntais Díomhaoine	41
Urrúis Faoi Chumhdach Sócmhainne	42
Caidrimh Chomhairlithe & Idirnáisiúnta	43
Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca	44
Gnóthaí Dlí agus Corparáideacha	47
Ráitis Airgeadais	49

Forbhreathnú

Leanann freagrachtaí an NTMA ag fás, i réim agus i méid araon. Tá luach na sócmhainní agus na ndlíteanas atá faoi bhainistiú ag an NTMA thar €50 billiún, rud a chruthaigh aistriú airgid de €532 billiún i 2004. Sin ceithre oiread Olltáirgeacht Náisiúnta na hÉireann.

Bunaíodh an NTMA ar dtús i Nollaig 1990 chun iasachtaí an Státhiste a eagrú agus chun an Fiach Náisiúnta a bhainistiú sa chaoi is éifeachtaí is féidir. Go luath sna 1990í bhí sé ar cheann de na fiacha is airde san Eoraip, ag níos mó ná 100% den OTN, agus bhí 8% den OTN. Ó shin tá laghdú mór tagtha ar ualach an fhéich. Níor tharla sé seo de bharr laghdú ar iomlán an fhéich – rud nár tharla – ach coinníodh seasta é de réir mar a tháinig borradh mór faoin ngeilleagar. Tá laghdú mór tagtha ar ualach an úis, ní amháin go coibhneasta ach san iomlán. I 1991, an chéad bhliain iomlán de NTMA a bheith i bhfeidhm, bhí beagnach 27 faoin gcéad de ioncam cánach caite ar ús féich, i 2004 bhí sé seo tar éis titim go 4 faoin gcéad.

Tá an bhFiach Náisiúnta ag €38 billiún. Caithfear athmhaoiniú a dhéanamh air go rialta de réir mar a bhíonn fócaíocht dlite ar bhannaí agus ionstraimí féich eile. Caithfear athairgeadú a dhéanamh ar chuid mhaith den fhiach go rialta agus cistí fóna a choinneáil le haghaidh cás ar bith, agus caithfear gach airgead sa bhreis a chur i dtaisce, áit a thuilltear ús, gach tráthnóna. Caithfidh margadh rialta a bheith ann ó thaobh na mbannaí Rialtais, a bhfuil an chuid is mó acu ag infheistíocht lasmuigh den Stát, lena cinntiú go gcoinnítear na costais úis de réir na rátaí is fearr i limistéir an euro. Cabhraíonn comhairliú leanúnach leis na príomh cheannaithe, na hinstiúidí infheistíochta agus le gníomhaireachtaí creidmheasa, leis an bpróiseas seo. Gach tráthnóna caithfear cistí a thógáil ar iasacht agus a chur sa Bhanc Ceannais nó a thógáil ón mBanc Ceannais le bheith curtha sa mhargadh, ionas go mbeadh na leibhéil leachtachta de réir rialacha Bhanc Ceannais na hEorpa.

Seachas a feidhmeanna bunúsacha, tá reachtaíocht iartheachtach tar éis chur le freagrachtaí an NTMA:

Tugadh freagracht as an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean a bhainistiú don NTMA ó Aibreán 2001 do thréimhse deich mbliana. Cé go ndéanann Coimisiún neamhspleách na cinntí infheistíochta, titeann cur i bhfeidhm na gcinntí seo ar an NTMA. Mar ghníomhaire den Choimisiún, déanann an NTMA monatóireacht ar na bainisteoirí a rointear sainchodanna éagsúla de chiste eatarthu, cinntíonn sí go gcomhlíonann siad an sainordú atá acu agus buaileann

sí leo go tréimhsiúil chun a gcuid oibre a mheas. Chomh maith leis sin, déanann an NTMA bainistiú díreach ar phunann bhanna neamhghníomhach an Chiste, ar a airgead neamh-infheistithe agus ar a ghníomhaíochtaí malartaithe le hairgeadraí eachtracha. I 2004 d'fhógair an Coimisiún athrú suntasach i riaradh straitéiseach shócmhainní an Chiste, go príomha trí 18% a dháileadh do aicmí sócmhainne breise – maoin, cothromas príobháideach agus tráchtearraí.

Ó Nollaig 2001, tá an NTMA ag feidhmiú mar Ghníomhaireacht Éilimh an Stáit. Déanann sí éilimh a bhainistiú i gcoinne Airí Rialtais nó i gcoinne an Ard-Aighne go príomha, i leith gortaithe pearsanta nó damáiste do mhaoín. Le déanaí, tugadh freagrachtaí eile di maidir le dochtúirí ospidéal agus fiontair um chúraim sláinte. Chun na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, tá bainisteoirí éilimh earcaithe ag an NTMA a bhfuil taithí acu, chomh maith le foireann a bhfuil cáilíochtaí dlí, innealtóireachta agus leighis acu. Cuireadh córas tuairiscithe náisiúnta i bhfeidhm, bunaithe ar an idirlíon, d'éilimh agus eachtraí. Ar an meán, bíonn 3,000 éileamh á phróiseáil ag an aon am amháin. Feidhm choibhneasta eile atá ann, ná comhairle a chur ar fáil maidir le rioscaí faillí sa tseirbhís phoiblí a laghdú, leis an seirbhís sláinte san áireamh, chun méad na n-éileamh amach anseo a laghdú. Tá tuarascálacha táirgthe aici ar shaincheisteanna éagsúla ó ghás radóin go timpistí tráchta bóthair na Gardaí agus ó sheomraí teicneolaíochta scoile go cuaillí báire.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) ar an 1 Eanáir 2003. Tá sé mar fheidhm ag an NDFA comhairle a chur ar fáil maidir leis an gcaoí is fearr chun tionscadail infheistíochta poiblí a mhaoiniú, páirtíochtaí poiblí-príobháideacha san áireamh. Go dtí seo, bhí sí páirteach i gcomhairliú airgeadais maidir le tionscadail mhóra, cosúil le mótarbhealaí, iarnróid, leathanbhanda, príosúin, forbairtí tithíochta agus ionaid phróiseála uisce. Tá níos mó ná 80 tionscadal atá luaite leis an NDFA le haghaidh comhairle agus iad ag céimeanna éagsúla forbartha agus le hinfheistíocht chaipitiúil iomlán idir €15 agus €20 billiún i gceist leo. Go dtí seo, tá a comhairle iomlán tugtha ag an NDFA i gcás 13 tionscadal le caipiteal iomlán de €1.3 billiún Meastar go mbeadh caiteachas caipitiúil chomh ard le €36 billiún ann thar na 5 bliana seo chugainn.

Ó thaobh bhainistiú an chiste de, tá an Ciste Árachais Shóisialaigh á bhainistiú ag an NTMA, a bhfuil sócmhainní

de €2 billiún ann. I 2003, ghlac an NTMA freagracht as Ciste na gCuntas Díomhaoin agus clúdach méideanna nár héilíodh ó chuntais bhainc, agus níos déanaí scaipeadh é seo chun polasaithe árachais saoil neamh-éalaith a chlúdach. Thug reachtaíocht eile feidhmeanna áirithe don NTMA maidir le hurrúis clúdaithe ag sócmhainní eisithe ag institiúidí airgeadais in Éirinn.

Is í an NTMA an t-aon institiúid airgeadais atá faoi rialú díreach an Rialtais, lasmuigh den státseirbhís. Feidhmíonn sí faoi tharchur tráchtála agus tá sé de chumas aici foireann ghairmiúil a earcú ón earnáil phríobháideach, ag rátaí margaidh. Mar sin, tá sé de chumas agus de sholúbthacht aici a bheith ag déileáil le réimse leathan d'ábhair airgeadais ar son an Stáit. Cuireann na feidhmeanna eile a tugadh don NTMA ar a cumas úsáid níos fearr a bhaint as an rialú airgeadais láidir, a cumas próiseála ó thaobh riosca agus idirbhearta de, a córais teicneolaíochta chomhtháite agus a feidhmeanna iniúchta inmheánacha. San áireamh leis sin, tá sé de bhuntáiste aici saineolas ceithre bhord a bheith ar fáil di – Coiste Comhairleach an NTMA, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, Coiste Comhairleach Polasaí Gníomhaireacht Éileamh an Stáit agus Bord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta – chomh maith le dhá Choiste Iniúchta. Ligeann socruithe eagraíochta atá cuíosach réidh agus solúbtha chomh maith

le pacáistí luach saothair atá bunaithe ar fheidhmíocht, don NTMA feidhmiú le foireann bheag. Tá níos lú ná 100 duine ann, in ainneoin réimse leathnaithe na bhfreagraíochtaí.

Os rud é gurb í an chéad oifig fhéich i saol na linne seo, bíonn teagmháil mhinic leis an NTMA ó thíortha eile timpeall an domhain ar mhaith leo aithris a dhéanamh ar Éirinn maidir lena suímh airgeadais a fheabhsú. Tá aird sa bhreis tugtha go hidirnáisiúnta do na freagraíochtaí nua.

Tuigimid nach bhfuil an chuid is mó den Tuarascáil seo ina léitheoireacht éasca. Déanann an tuarascáil seo a leanas iarracht ar ghníomhaíochtaí an NTMA idir 2004 agus Meitheamh 2005 a leagan amach i bhfriotal atá chomh simplí agus is féidir. Tá go leor den eolas dírithe ar infheisteoirí nua i bpáipéar Rialtais na hÉireann agus ar eagraíochtaí atá ag iarraidh cumas creidmheasa an stáit a mheas. Tugann an suíomh idirlín – www.NTMA.ie – eolas breise, mar a dhéanann an Ireland Information Memorandum, a fhoilsímid gach Márta. Bíonn an tuairisciú bliantúil is nuashonraí déanta ag an NTMA gach bliain ar Oíche Chinn Bliana i bpreasráiteas cuimsitheach deireadh na bliana.

Bíonn Tuarascálacha Bliantúla éagsúla foilsithe ag Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus ag Bord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Príomhfheidhmeannach

Michael J. Somers

Stiúrthóirí

John C. Corrigan

Cúlchiste Náisiúnta na bPinsean

Anne Counihan

Gnóthaí Dlí & Corparáideacha agus an
Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Adrian J. Kearns

Gníomhaireacht Éilimh an Stáit agus
Acmhainní Daonna

Brendan McDonagh

Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca

Oliver Whelan

Maoiniú & Bainistíocht Féich

Coiste Comhairleach

John F. Daly (Cathaoirleach)

Cathaoirleach, IIMC Limited

Gerold W. Brandt

Ball de Bhord Feitheoireachta
Adidas-Salomon AG, Munich

Paul Carty

Comhairleoir Airgeadais

Tom Considine

Ard-Rúnaí, an Roinn Airgeadais

Lewis L. Glucksman

Infheisteoir Príobháideach

Joe Moran

Iar-Phríomhfheidhmeannach,
Bord Soláthar Leictreachais

Donald C. Roth

Páirtí Bainistíochta, Emerging Markets Partnership,
Washington D.C.



*Sa chúil ó chlé go deas: Donald C. Roth, Gerold W. Brandt,
Tom Considine, Paul Carty. Sa líne tosaigh ó chlé go deas:
Joe Moran, John F. Daly, Lewis L. Glucksman.*

Coiste Comhairleach

Bhuail an Coiste Comhairleach le chéile go foirmiúil
ceithre huaire i 2004. Thit cruinnithe eile le baill an
Choiste amach go rialta. Bunaíodh Coiste Iniúchta déanta
suas de bhaill den Choiste Comhairleach in
Eanáir 2003 agus tháinig siad siúd le chéile ceithre
huair in 2004.

Gabhann an NTMA buíochas do bhaill an Choiste as ucht
a gcuid comhairle agus cúnamh le linn na bliana agus an
t-am agus an iarracht a thug siad.

Foireann

Is mór ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag na
Stiúrthóirí an dúthracht agus an obair chrua a chuir an
fhoireann isteach le linn na bliana.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí

Is iad seo a leanas na gnéithe suntasacha de 2004:

Iomlán

- Chuaigh na punanna sócmhainne agus fiachais a bhí á bhainistiú ag an NTMA thar €50 billiún don chéad uair.
- Tháinig sruthanna airgid comhlána tríd an NTMA i 2004 go dtí €532 billiún.

Fiach Náisiúnta

- Nuair a chuirtear an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus cistí eile atá á bhainistiú ag an NTMA san áireamh, is ionann an Fiach Náisiúnta faoi láthair agus timpeall 8 mí d'ioncam cánach. Nuair a bunaíodh an NTMA i 1990, thóg sé thar thrí mhí d'ioncam cánach chun an t-ús ar an bhfiach a íoc.
- Lean Fiach Ginearálta an Rialtais/an cóimheas OTI ag titim – go dtí 29.9 faoin gcéad ag deireadh 2004 (32.0 faoin gcéad ag deireadh 2003) agus fós tá sé ar cheann de na leibhéil is ísle san AE.
- Dá mbainfí luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean de gheofa coibhneas níos ísle fós, timpeall 21.5 faoin gcéad ag deireadh 2004.
- Bhí an Fiach Náisiúnta mar €37.8 billiún ag deireadh 2004.
- B'fhiú €1,676 milliún na híocaíochtaí úis ar an bhFiach. Tar éis coigeartú do thionchar Chúlchiste na Mion-Choigilteas, bhí an costas don Státhiste €348 milliún faoi bhuiséad. Bhí seo laghdaithe go dtí 4 faoin gcéad d'ioncam cánach, timpeall aon chúigiú den fhigiúr a bhí ann 10 bliain ó shin nuair ab' fhiú 20 faoin gcéad d'ioncam cánach an bille úis. Tá an laghdú seo san ualach úis tar éis acmhainní suntasacha a chur ar fáil le haghaidh cúiseanna eile.
- Bailíodh €3.4 billiún le linn 2004, chun déileáil le haisíocaíochtaí agus leis an easnamh a bhfuiltear ag súil leis sa bhuiséad, ag meán-táirgeacht de 4.67%, trí cheithre cheant bannaí. Cuireadh na ceantanna bannaí ar ceal sa dara leath den bhliain mar gheall ar neart an tsuimh bhuiséid atá ag teacht chun cinn.
- Seoladh banna nua tagarmhairc, an Banna Státhiste 4½% 2020 chun leas a bhaint as rátaí ísle úis fadtéarmacha, in Eanáir táirgeadh téarmaí d'infheisteoirí

sa Bhanna Státhiste 5% 2013 chun €2 billiún dá gcuid scaireanna a aistriú go dtí an eisiúint nua níos faide.

- Tá níos mó ná 79 faoin gcéad de bhannaí Rialtais na hÉireann i seilbh infheisteoirí eachtracha, tá sé seo ardaithe ó 73 faoin gcéad bliain ó shin agus ardaithe go suntasach ó 22 faoin gcéad ag deireadh 1998, go díreach sular tugadh an euro isteach. Amhail mar a tharla le blianta beaga anuas, ghlac infheisteoirí eachtracha beagnach an fiach go léir a eisíodh i 2004.
- I bhFeabhra 2005, d'eisigh an NTMA US\$500 milliún banna faoin gClár Meán-téarmach Nóta Euro. Tá cúpón de 3.875 faoin gcéad ag na bannaí seo agus aibíonn siad in Iúil 2010. Eisíodh iad ag 10 bunphointe thar Státhistí na Stát Aontaithe agus athraíodh na fáлтаis go euro ag 29.3 bunphointe faoi Euribor. Is ionann seo agus sábháil de €3.5 milliún nuair a chuirtear é i gcomparáid le costas bhailiú acmhainne sna gnáth cheantanna bannaí.
- Bhí an HSBC-CCF ina Phríomh Cheannaí i mbannaí Rialtas na hÉireann i nDeireadh Fómhair 2004 agus Royal Bank of Scotland i mBealtaine 2005. Léiríonn an fhorbairt an t-ardú leanúnach san éileamh ar bhannaí Rialtais na hÉireann ó infheisteoirí eachtracha. Tá naoi bPríomh Cheannaí faoi láthair, ar bainc mhóra idirnáisiúnta atá lonnaithe thar sáile iad seachtar acu.
- Is féidir le hÉireann airgead a bhailiú i margadh bannaí an limistéir euro ag beagnach an costas céanna leis an nGearmáin agus leis an bhFrainc, tíortha a bhfeictear mar thagarmharc na n-iasachtaithe. Baineann seo leis an neartú leantach d'airgeadais phoiblí na hÉireann, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid le cuid de na tíortha móra Eorpacha, agus le hidirnáisiúnú mhargadh bannaí Rialtais na hÉireann tar éis don euro a bheith tugtha isteach. Chuidigh polasaí an NTMA faoi chóras nua-aimseartha díolta agus dáilte a bheith ann trí úsáid Bloomberg agus Euroclear chomh maith leis an bPríomh-chóras Déileála.

Táirgí bannaí	Deireadh 2004	17 Meitheamh 2005
3¼% Banna Státhiste 2009	2.95%	2.50%
5% Banna Státhiste 2013	3.50%	3.07%
4.6% Banna Státhiste 2016	3.75%	3.31%
4½% Banna Státhiste 2020	3.99%	3.55%

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí ar lean

- Bhí an láimhdeachas i mbannaí Rialtais na hÉireann ar Stocmhalartán na hÉireann i 2004, ag €72.3 billiún, bhí sé de réir an mheáin-láimhdeachais ó 2001 go 2003.
- Ag deireadh 2004, bhí ráta seasta úis ag 86 faoin gcéad den Fhiach Náisiúnta, i gcomparáid le 76 faoin gcéad ag deireadh 2003. Is toradh ar pholasaí d'iasachtaí fadtéarmacha a shiocadh ag leibhéil úis níos ísle ná riamh é an leibhéal ard fiacha úis sheasta, ag cosaint an Státhchiste i gcoinne tionchair rátaí úis atá ag ardú, agus freisin ar an laghdú ar iarmhéideanna páipéir gearr-théarmacha mar gheall ar fharasbarr €33 milliún de chuid an Státhchiste.
- Déantar an Fiach Náisiúnta go léir a mhalairt go euro nó a lua i euro.
- Chuaigh insreabhadh glan de chistí de €356 milliún isteach i scéimeanna coigiltis miondíola an Rialtais i 2004.
- Réitíodh an mhórchuid de na fadhbanna a bhain le Duaisbhannaí a dhíol a d'eascair as Treoir AE agus as codanna áirithe den Acht Airgeadais 2004 tar éis don NTMA ionadaíochtaí fuinniúla a dhéanamh.

Rátáil Chreidmheasa

- Leanann na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ar fhiach Rialtais na hÉireann a mheas i measc na gceann is fearr ar fud an domhain. D'athdhearbhaigh Moody's, Standard & Poor's, Fitch agus Rating & Investment Information Inc. go léir rátáil chreidmheasa AAA fadtéarmach thar barr d'Éire i mbliana.

Moiniú na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe

- Tá an NTMA tar éis iasachtaí a fháil ar son na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe ó Feabhra 2003. Mar thoradh ar na hiasachtaí, a bhí mar €1.6 billiún ar an meán i 2004, sábháladh ús de €1.3 milliún.

Seirbhísí an Státhchiste Lárnaigh

- Leanann Seirbhísí an Státhchiste Lárnaigh do na hÚdaráis Áitiúla, Boird Sláinte agus Coistí Gairmoideachais ar rogha iomaíoch a chur ar fáil, in ionad an tionscal baincéireachta, do na comhlachtaí seo chun iasacht a fháil agus a thabhairt araon. Bhí

meán de €90 milliún in iasachtaí agus €25 milliún in dtaiscí amuigh i rith 2004.

Ciste Leasa Shóisialaigh

- Tá na hiarmhéideanna farasbairr den Chiste Árachais Shóisialaigh faoi bhainistiú an NTMA ar son na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Ba é an farasbarr iomlán faoi bhainistiú ag an NTMA ná €1.6 billiún ag deireadh 2004, suas faoi €300 milliún ó dheireadh 2003. Ó dheireadh na bliana, cuireadh €400 milliún níos mó leis seo, chun an Ciste a thógáil thar €2 billiún i Meitheamh 2005.

Cuntais Díomhaoine

- Thug an NTMA faoi bhainistiú Chiste na gCuntas Díomhaoine i 2003. In Aibreán 2004, rinneadh tarchuir an Chiste a leathnú chun polasaithe árachais saoil áirithe a chur san áireamh. Go dtí seo, tá €293 milliún aistrithe chuig an gCiste, agus tá €58 milliún de seo athchurtha. Bhí eisiocaíochtaí chomh maith go dtí seo de €16 milliún. Ag tabhairt ús fabhráithe faoi deara, seasann an t-iarmhéid faoi bhainistiú anois ag thart ar €225 milliún.

Iarmhéideanna an Chuntais Státhchiste

- Tá iarmhéid an Chuntais Státhchiste ag an mBanc Ceannais faoi bhainistiú an NTMA i dtacaíocht d'oibríochtaí bainistíochta leachtachta iomlána Bhanc Ceannais na hEorpa. Ba é láimhdeachas 2004 d'oibríochtaí bainistíochta leachtachta Bhanc Ceannais na hEorpa ná €221.5 billiún, cé go raibh an méid an mheán-idirbheart laethúil mar €476 milliún. Ba é airgead glan an Státhchiste i dtaisce leis an mBanc Ceannais ag deireadh 2004 ná €2.1 billiún. Bhí iomlán an airgid faoi bhainistiú an NTMA ag deireadh 2004 cóngarach do €6 billiún.

Gníomhaireacht Éilimh an Stáit

- Tá Gníomhaireacht Éilimh an Stáit (SCA) ag déileáil faoi láthair le beagnach 2,600 éileamh um ghortú pearsanta, le luach measta de €135 milliún, déanta suas de:

Dliteanas fostóra, dliteanas poiblí agus damáiste maoine	65%
Faillí cliniciúil	35%

- Tá cothromaíocht mhaith idir an sreabhadh isteach d'éilimh neamh-chliniciúla agus líon na n-éileamh réitithe nó curtha de láimh i slí eile.
- Tá níos mó ná 1,100 éileamh réitithe at an SCA ó thús ag costas de timpeall €12.5 milliún.
- Faoi láthair tá an SCA ag iarraidh costais a athghabháil ó timpeall 500 gearánaí a thug éilimh bainteach le haispeist "dea-imníoch" chun cinn.
- Dírígh tionscnaimh bhainistíochta riosca um Dhliteanas Poiblí/Dlíteanas Fostóra ag an SCA ar raon leathan de fhoinsí reatha nó poitéinsiúla d'éilimh. San áireamh iontu seo bhí smúdar, gáis radon, timpistí tráchta bóthair, ceardlanna teicniúla agus aispeist.
- I gcomhar lena bhfreagrachtaí as éilimh cliniciúla a bhainistiú, tá ról ag an SCA chun comhairle agus cabhair a thabhairt chun scéim bhainistíochta riosca cliniciúil náisiúnta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
- Ligfidh an feidhmiú leanúnach de chóras tuairiscithe teagmhais bunaithe ar an ngréasán (STARSWeb), don chéad uair san Eoraip, do chaighdeánú, taifeadadh agus anailísiú a bheith déanta i mbunachar lárnach náisiúnta ar shonraí ar theagmhais cliniciúla in ospidéal agus i bhfiontair chúraim-sláinte eile.

Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

- Bunaíodh an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) ar 1 Eanáir 2003 chun comhairle airgeadais a sholáthar do údaráis Stáit agus chun cabhair a thabhairt le maoiniú costas-éifeachtach a sholáthar do thionscadail mhóra bhonneagair.
- Tá thar 80 tionscadal tagartha don NDFA faoi láthair le haghaidh comhairle ag céimeanna éagsúla d'fhorbairt, le hinfheistíocht chaipitiúil iomlán de timpeall €15 go €20 billiún.
- Go dtí seo, tá comhairle ar dhá thionscadal déag críochnaithe ag an NDFA le luach caipitiúil comhcheangailte de €1.3 billiún. Ba iad seisear de na tionscadail seo ná páirtithe poiblí-príobháideacha (PPP) ag baint le hionchur suntasach de mhaoiniú

príobháideach. Maidir leis na neamh-PPP, tá áiseanna iasachta eagraithe ag an NDFA do timpeall €400 milliún ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa agus institiúidí airgeadais eile.

Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

- In Aibreán 2001, ceapadh an NTMA do thréimhse deich mbliana mar Bhainisteoir an Chiste chun gníomhú mar ghníomhaire do Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.
- Thuill an Ciste aischur de €951 milliún, nó 9.3 faoin gcéad, i 2004. Ba é a margadhluach ar 31 Nollaig 2004 ná €11,689 milliún, lena n-áirítear an ranníocaíocht Stáitchiste 2004 de €1,177 milliún.
- D'infheistíodh €1,415 milliún i mairgí cothromais domhanda i rith na bliana, ag críochnú go héifeachtach cur chuige iontrála an mhargaidh "meáin isteach" glactha ag an gCoimisiún ó 2002.
- Bheartaigh an Coimisiún ar 18 faoin gcéad den Chiste a infheistiú in aicmí sócmhainne breise - maoin, cothromas príobháideach agus tráchtarraí.
- In iomlán, bhí scaireanna i 1,752 comhlacht thar 24 margadh ag an gCiste ag deireadh 2004 agus bhí a shócmhainní ar chomhbhrí le 9.5% de OTN.

Urrúis Faoi Chumhdach Sócmhainne

- Titeann feidhmeanna áirithe ar an NTMA faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001 maidir lena bhfaigheann sí táille bliantúil bainteach le méid na gníomhaíochta gnó.
- I rith 2004, d'eisíodh €16.8 billiún d'urrúis faoi chumhdach sócmhainne in Éirinn faoin Acht seo.

Caidrimh Idirnáisiúnta agus Chomhairliú

- Leanann tíortha eile le dul i gcomhairle leis an NTMA maidir lena gníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainne agus fiachais.

Achmhainní Daonna


- I Meitheamh 2005, ba é 98 líon na foirne fostaithe ag an NTMA.

Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú

Éiríonn formhór den mhaoiniú agus den ghníomhaíocht bhainistíochta fhéich ón athíoc agus athmaoiniú leanúnach den Fhiach Náisiúnta, atá cóngarach do €38 billiún, agus an bainistíocht de leachtacht sna mairgí caipitiúla idirnáisiúnta atá mar thoradh. As seo tháinig sreabhadh airgid de bhreis ar €532 billiún i 2004, atá níos mó ná ceithre huairé níos mó ná OTN na hÉireann. Déileálann an NTMA le níos mó ná céad banc agus institiúid airgeadais agus a feidhmeanna á chomhlíonadh acu.

I 2004, ba é €33 milliún farasbarr an bhuiséid. Nuair a bhí sé athraithe d'aidhmeanna maoinithe, bhí farasbarr airgid de €170 milliún ag an Stáchtiste - ba iad na coigeartaithe do €237 milliún maidir le tabhairt ar aghaidh cionroinnt caipitiúla nár chaitheadh i 2004, glanta in aghaidh €100 milliún maidir leis an tarraingt anuas ó Chuntas Chúlchiste na Mion-Choigilteas.

I rith 2004, ba é riachtanais mhaoinithe glan d'oibríochtaí bainistíochta leachtachta ná :



Sreabhadh Airgid Comhlán NTMA 2004

	€ billiún
Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	48
Ciste Árachais Shóisialaigh	25
Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	5
Cuntas Stáchtiste	382
Cuntais Airgeadra Eachtracha	26
Ciste na gCuntas Díomhaoin	1
Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe	41
Billí Idirghabhála Talmhaíochta Tráchtarra	4
Iomlán	532

An Fiach Náisiúnta

Bá é an Fiach Náisiúnta mar is tomhaiste go traidisiúnta, atá glan de iarmhéideanna airgid, €37.8 billiún ag deireadh 2004 i comparáid le €37.6 billiún ag deireadh 2003.

Athrú i bhFiach Náisiúnta I 2004

	€ milliún	€ milliún
Fiach Náisiúnta (deireadh 2003)		<u>37,610</u>
Móide		
• Gluaiseachtaí Ráta Malairte	14	
• Lascaine glan ar Thráinsí agus Cealúcháin ¹	<u>255</u>	269
Lúide		
• Farasbarr Stáitchiste	<u>-33</u>	-33
Athrú i bhFiach Náisiúnta		<u>236</u>
Fiach Náisiúnta (deireadh 2004)		<u>37,846</u>

¹ Bíonn Prémheanna/Lascainí i gceist nuair atá bannaí eisithe/curtha ar ceal ag luach seachas luach par toisc difríocht idir an cúpón ar an bhfiach agus torthaí margaidh.

Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú ar lean

Airgeadra agus Fad an Fhéich


Ag deireadh 2004, bhí 100 faoin gcéad den Fhiach Náisiúnta ainmnithe i, nó malairte go, euro.

I ndiaidh do bhannaí fadtéarmacha de €3.4 billiún a bheith eisithe, inter alia, a athmhaoinigh €2.5 billiún i bpáipéar gearr-théarmach, mhéadaigh fad an fhéich ó 5.23 go 5.63 blianta i rith 2004.

Fiach Rialtais Ginearálta


Is sainmhíniú d'fhiach é Fiach Rialtais Ginearálta (FRG) úsáidte d'aidhmeanna comparáideacha laistigh den Aontas Eorpach. Is é an Fiach Náisiúnta an phríomh-chomhpháirt den FRG. Is tomhas comhlán d'fhiach é seo agus ní fholáitear aon tús do iarmhéideanna airgid an Stáitchiste. De bharr sin, folaíonn an FRG fiach an Rialtais Áitiúil, cistí áirithe buiséadacha breise agus an t-ús fabhráithe nár foráladh dó ar na Scéimeanna Coigiltis Miondíola.

Tá an FRG measta ag €43.7 billiún ag deireadh 2004 i gcomparáid le €43.1 billiún ag deireadh 2003. Cé gur mhéadaigh an Fiach Náisiúnta faoi €236 milliún, tá méadú in bhfiach an Údaráis Áitiúil mar an bpríomh fhachtóir fuilleach ag tabhairt cuntas don mhéadú iomlán de €596 milliún i FRG.



Cóimheasa Féich


Laghdaigh cóimheas an Fhéich Rialtais Ginearálta/FRG faoi beagán thar 2 pointe céatadán i rith na bliana go 29.9 faoin gcéad ag deireadh 2004. Laghdaigh cóimheas an Fhéich Náisiúnta/OTN faoi 2.6 pointe céatadán go 31.1 faoin gcéad sa tréimhse chéanna.




Tá suíomh íochtarach na hÉireann i bhfad níos fearr - nuair a thugtar cuntas ar an €11.7 billiún sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ag deireadh 2004, titeann cóimheas an Fhéich Rialtais Ginearálta chuig 21.5 faoin gcéad.

Taispeánann Plean Buiséid trí-bhlíana an Rialtais, a fógraíodh i Nollaig 2004, do bhuanseasmhacht sa chóimheas idir Fiach Rialtais Ginearálta/OTI thar an tréimhse 2005 go 2007 - ag meán de 30 faoin gcéad.

Comparáidí Idirnáisiúnta




Ag deireadh 2004, d'fhan fiach comparáideach na hÉireann mar cheann de na cinn is ísle idir Ballstáit an AE ag níos lú ná leath an mheáin AE. Tá comparáid idir é seo agus suíomh i bhfad thar an meán sa chéad leath de na 1990í.



Frithchaitheann an suíomh fabhrach seo comhlíonadh eacnamaíoch na hÉireann seachas athrú ábhartha sa mheán AE féin, mar is féidir a fheiceáil ón ngraf a leanann:

Éireann OTI/Meán FRG na hÉireann agus an AE.15



Costais Seirbhíse Féich

Ba iad na costais iomlána um seirbhísí féich i 2004 ná €2,303 milliún, €348 milliún níos lú ná mar a foráladh do sa Bhuiséad. Ba é an buiséad seirbhíse féich Stáitchiste do 2004 ná €2,381 milliún. Bhí caitheamh amach an Stáitchiste ag €2,203 milliún níos lú ná an buiséad faoi €178 milliún, go mór, mhór de bharr líon fachtóirí teicniúla, a folaíonn gluaiseachtaí fabhracha um ráta úis, suíomh feabhsaithe do Chóimheá an Stáitchiste, chomh maith le tionscnaimh bhainistíochta féich áirithe.

Rinneadh comhshnaidhmeadh de €525 milliún sa Bhuiséad 2004 (fíor-aschur: €492 milliún) d'ús íoctha ar infheistíochtaí i scéimeanna coigiltis miondíola an Rialtais ag fás i 2004. De seo, bhí €255 milliún le bheith íoctha ón Stáitchiste agus €270 milliún ó Chúlchiste na Mion-Choigilteas. Ba é caiteachas seirbhíse féich iomlán do 2004 (a fholáíonn íocaíocht laghdaithe de €100 milliún ó Chúlchiste na Mion-Choigilteas) ná €2,303 milliún, le toradh de shábháil seirbhíse féich iomlán de €348 milliún in gcoinne an buiséid chomhcheangailte.

Anailís ar Aschur Seirbhíse Féich i Leith an Bhuiséid (€ Milliún)			
	Aschur	Buiséad	Easaontas
Caiteachas Seirbhíse Féich an Stáitchiste	2,203	2,381	178
Móide: íocaíocht Chúlchiste na Mion-Choigilteas	100	270	170
Caiteachas Seirbhíse Féich íochtarach	2,303	2,651	
Easaontas Fabhrach Iomlán ón mBuiséad			348


Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú ar lean

Folaíonn costais seirbhíse féich an Státchiste de €2,203 milliún íocaíochtaí úis de €1,676 milliún, íocaíochtaí ciste fiachmhúchta de €490 milliún, táillí de €18 milliún agus caiteachais riaracháin de €19 milliún. Folaíonn na híocaíochtaí úis de €1,676 milliún íocaíocht Státchiste breise de €137 milliún maidir le scéimeanna coigiltis miondíola an Rialtais. Mar thoradh, bhí larmhéid an

Státchiste ag deireadh 2004 níos fearr faoi €178 milliún de bharr an chaiteachais seirbhíse féich níos lú ná mar a bhíodhas ag súil le.


Tá léaráid ag taispeáint cliseadh de na costais seirbhíse féich leagtha amach thíos:

Anailís ar Aschur Seirbhíse Féich maidir leis an mBuiséad - € Milliún




MAOINIÚ AGUS FIACH A BHAINISTIÚ

Ní ghá ach 4 faoin gcéad de ioncam cánach a fháil chun ús a íoc ar an bhFiach Náisiúnta, i gcomparáid le 26.6 faoin gcéad i 1991.



Tá an sraith úis athraithe chun costas anúis fhabhráithe ar an Scéimeanna Coigiltéis Miondíola a léiriú.


Tá costais úis tar éis titim ó 8.4 faoin gcéad den OTN i 1991 go 1.2 faoin gcéad i 2004.



Tá an sraith úis athraithe chun costas anúis fhabhráithe ar an Scéimeanna Coigiltéis Miondíola a léiriú.

Tá costas úis measta do sheirbhísí an Fhéich Náisiúnta tar éis titim go substaintiúil ó 8.7 faoin gcéad i 1991 go 3.7 faoin gcéad i 2004, de bharr claonadh le fána i rátaí úis domhanda, rátála creidmheasa feabhsaithe na hÉireann, tionscnaimh bhainistíochta féich an NTMA agus páirtíocht na hÉireann sa limistéir euro.

Treocht sa Mheán Chostas Úis den Fhiach Náisiúnta a Sheirbhísiú 1991-2004



Ús ag Fabhrú ar Scéimeanna Coigiltis Miondíola

Toisc nach bhfuil ús íoctha amach ach ar dhéanamh Theastais Choigiltis, Bhannaí Coigiltis agus Choigiltis Tráthchoda Náisiúnta, tá dliteanas fiúntach tar éis fáis thar na blianta maidir le hús fhabhráithe. Bunaíodh Cúlchiste na Mion-Choigiltis i 1994 chun an cheist seo a phlé. Ó 1999, tá an tAire Airgeadais tar éis a sholáthar do lán-fhabhrú d'ús i ngach buiséad. Ag deireadh 2004, sheas an Cúlchiste ag €969 milliún, nó beagán thar 55 faoin gcéad den ús fhabhráithe de €1,749 milliún.

Comhdhéanamh Fhiach

€ milliún (ainmniúil)	31 Nollaig 2004	31 Nollaig 2003
Bannaí ainmhite in euro	31,260	28,130
Fiach meán-téarmac agus fad-téarmach Eile	407	931
Scéimeanna Coigiltis Miondíola	5,820	5,455
Fiach Glan Gearr-théarmach	359	3,094
Iomlán:	37,846	37,610

Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú ar lean


Gníomhaíocht Mhaoinithe

Thuill cúig cheant banna €3.4 billiún i 2004. D'úsáideadh timpeall €0.9 billiún de seo chun fiach fadtéarmach aibí a athmhaoiniú agus fiach eile a cheannach ar ais fad is a bhí an t-iarhmhéid úsáidte chun fiach gearr-théarmach de €2.5 billiún a athmhaoiniú. Bhí athmhaoiniú de fhiach gearr-théarmach sa mhargadh banna mar leanúint den pholasáí de mhaoiniú fadtéarmach a chur faoi ghlas ag torthaí ísle go stairiúil.

Próifíl Aibíochta

Tá aibíochtaí ag bannaí na hÉireann ainmnithe in euro ag síneadh amach go 2020. Bhí na cúig bhanna thagarmhairc freagrach as 92 faoin gcéad den iomlán dlíte.

Tá fiach gearr-théarmach déanta suas de Nótaí an Stáitchiste, Nótaí an Chisteáin Láirnaigh, Nótaí Alt 69 agus Páipéar Tráchtála, iad go léir le haibíocht uasta de dhá mhí dhéag acu. Bailíonn an NTMA cistí gearr-théarmacha chomh maith ar son na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe faoina clár páipéir tráchtála.



Córas an Príomh-cheannai

Tá naoi bPríomh-Cheannai ag Rialtas na hÉireann aitheanta ag an NTMA a dhéanann pragsanna leanúnacha dhá-shlí i mbannaí sainithe i méideanna íosta sonraithe agus laistigh de na leathadh uasta sonraithe. Déanann na Príomh Cheannaithe suas 95 faoin gcéad den láimhdeachas i margadh banna Rialtais na hÉireann. Tá roinnt stocbhróicéirí chomh maith atá inchurtha le hordaithe na gcliant.

Is iad na Príomh-Cheannaithe ná:

ABN AMRO, Londain

AIB Capital Markets, Baile Átha Cliath

Barclays Capital, Londain

Citigroup Global Markets Limited, Londain

Calyon Corporate and Investment Bank, Páras

Davy Stockbrokers, Baile Átha Cliath

Deutsche Bank, Frankfurt

HSBC - CCF, Páras*

Royal Bank of Scotland, Londain*

* Ceapadh HSBC mar Phríomh-Cheannai i nDeireadh Fómhair 2004 agus Royal Bank of Scotland i mBealtaine 2005

Tá na Príomh Cheannaithe mar bhaill den Stocmhalartán Éireannach, ar a bhfuil liosta de bhannaí Rialtais na hÉireann. Tá siad ina mbaill de EuroMTS agus MTS Ireland chomh maith. Tá saorchead eisiach chuig ceantanna banna an NTMA acu agus is féidir leo úsáid a bhaint as áiseanna athghabhála agus athghabhála malairte a sholáthraíonn an NTMA i bhfoirm bannaí Rialtais na hÉireann. Ceannaíonn an NTMA bannaí Rialtais Éireannacha "ón-rith" chomh maith ar ais óna Príomh Cheannaithe ag pragsanna margaidh iomaíocha.

Trádáil Leictreonach - EuroMTS agus MTS Ireland

Tá ceithre déantóir margaidh déag de bhannaí Rialtais Éireannacha tagarmhairc ar EuroMTS, is é sin na naoi bPríomh Cheannai in éineacht leis na cúig institiúid seo a leanas: HVB, Munich; Capitalia, An Róimh; Dresdner Bank, Frankfurt; Fortis Bank, an Bhrúiséal agus UBS, Londain.

Tá na cúig Bhanna Rialtais Éireannacha tagarmhairc reatha liostáilte ar an gcóras intíre, MTS Ireland, i meastachán i bparailéal. Tá na naoi bPríomh Cheannai go léir móide HVB agus UBS mar bhaill de MTS Ireland.

Tá a mbannaí liostáilte ar an gcóras EuroMTS ag na heisitheoirí ceannasacha limistéar-euro go léir seachas Lucsamburg. Tá liostáil na mbannaí Rialtais Éireannacha ar an MTS tar éis láimhdeachas, trédhearcacht phraghais agus leachtacht a fheabhsú go mór. Tá an imthairiscint chun leathadh a thairgeadh ar na bannaí tar éis cúngú

chomh maith, ag déanamh níos meallachaí d'infheisteoirí iad de bharr an chostais trádála laghdaithe.

Leathadh Banna

Bhí na leathadh uasta go bhfuil ar dhéantóirí margaidh imthairsicint, meastachán agus praghsanna tarraingthe a dhéanamh laistigh de, do shuimeanna íosta sonraithe, laghdaithe go substaintiúil ar MTS i mBealtaine 2004 agus tá siad mar seo a leanas:

Banna	Leathadh Imthairisceana-Tairgthe Uasta €	Méid Íosta Déileála € milliún
4.25% Banna Stáitchiste 2007	0.03	10
3.25% Banna Stáitchiste 2009	0.04	10
5.00% Banna Stáitchiste 2013	0.05	10
4.60% Banna Stáitchiste 2016	0.07	10
4.50% Banna Stáitchiste 2020	0.10	5

Ciallaíonn an leachtacht méadaithe go bhfuil an imthairiscint chun leathadh a thairiscint ar an mbanna deich mbliana Éireannach ar an gcóras EuroMTS a chúngú de réir a chéile chuig margaidh oibriú laistigh de timpeall 3 cent. Tá sé seo laistigh den leathadh uasta go compordach ina bhfuil ar na déantóirí-margaidh feidhmiú.

Gnáthimh an Cheant Bhanna


I rith 2004, bhí ceantanna banna, go raibh saorchead eisiach ag na Príomh Cheannaithe iontu, ar siúl de ghnáth ar an tríú Déardaoin de gach mí. Ag 10:00 r.n. ar an Déardaoin roimhe, d'fhógair an NTMA, trí Bloomberg, Reuters agus a suíomh idirlín, www.ntma.ie, sonraí den bhanna le bheith faoi cheant agus méid an cheant. Bíonn ceantanna ar siúl tríd an Bloomberg Auction System agus tá siad ina gceantanna praghais ilchodacha. Déanann an NTMA torthaí an cheant a chur ar fáil laistigh de dhá nóiméad den sprioc-ama 9:15 r.n. do imthairiscintí. Leanann ceant neamh-iomaíoch suas go 20 faoin gcéad den mhéid díolta sa cheant iomaíoch díreach tar éis críocho gach ceant iomaíoch.

Tá an rogha ag Príomh Dhéileálaithe glacadh suas leis a dteideal neamh-iomaíocht go dtí 10:00 r.n. ar an dara lá gnó i ndiaidh an cheant iomaíoch.

Toradh Banna An Rialtais Éireannaigh

Chomhchruinnigh bannaí Éireannacha ar na príomh mhargaí euro agus anois déantar trádáil ag rátaí beagnach chomh cosúil le bannaí Gearmánacha agus Francacha cosúla. Léiríonn an graf an chomhchruinniú de thoradh deich mbliana Éireannach le an toradh Gearmánach coibhéiseach ó 2003 go 2005.

Dheimhnigh an dearcadh dearfach leantach don gheilleagar Éireannach agus airgeadas poiblí chomh maith le rátaí creidiúnach AAA ó gach gníomhaireachtaí ráta móra agus an cóimheas fiacha íseal/OTI, i dteannta an liostáil MTS, go leanann bannaí an Rialtais Éireannaigh a bheith tarraingteach bainteach le príomh mhargaí Eorpacha.



Éire Banna Stáitchiste 5% 2013 i gcoinne na Gearmáine 4.5% i 2013 (Difreálach toraidh i mbunphointí)



MAOINIÚ AGUS FIACH A BHAINISTIÚ

Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú ar lean

Bannaí agus Fiach Fadtéarma Eile

Cuar toraidh tagarmharc leachtach

Tá cúig thagarmharc mór ag Éireann le haibíochtaí trasna cuair thoradh ó trí go cúig déag bliana.

Bannaí Rialtais Thagarmharc

<i>Banna</i>	<i>Le híoc Meitheamh 2005 € milliún</i>	<i>Cód ISIN</i>	<i>Bliantúil Cúpón Dáta Íoctha</i>
4.25% Banna Státhchiste 2007	6,086	IE0031256211	18 Deireadh Fómhair
3.25% Banna Státhchiste 2009	5,043	IE0032584868	18 Aibreán
5.00% Banna Státhchiste 2013	6,106	IE0031256328	18 Aibreán
4.60% Banna Státhchiste 2016	5,789	IE0006857530	18 Aibreán
4.50% Banna Státhchiste 2020	5,729	IE0034074488	18 Aibreán

Eisiúint Banna an Rialtais Éireannaigh i 2004

Thionóil an NTMA a chéad ceant riamh in Eanáir 2004, i leith infheistíochta a spreagadh i mbanna fadtéarma nua. Rinneadh tairiscint d'infheisteoirí sa 5% Banna Státhchiste 2013 an deis roinnt a gabháltas a aistriú isteach i mbanna 16 bliana nua, an 4.5% Banna Státhchiste 2020. Cé go raibh €4.8 billiún den bhanna 2013 á thairiscint ar ais ag an margadh, d'aistrigh €2


billiún a bhí á thairiscint ag an bpraghas is faobhraí san bhanna 2020 nua.

Lean an NTMA an banna nua a eisiúint i 2004 ag trátháil an éilimh mhargaidh láidir trí cheantanna tionóltá ó bhFeabhra go Meitheamh. Rinne na ceantanna sin an méid eisiúna an bhanna nua suas go dtí an tairseach €5 billiún le trádáil ar an EuroMTS.

Dáta an Cheant	Banna	Méid Díolta i gCeant lomaíoch: €m	Meán Phraghsanna Ualaithe agus Torthaí		Tairiscint chun an Chóimheas a Chlúdach	Méid Díolta i gCeant Neamh-lomaíoch €m
19 Feabhra	4.5 % Banna Státhchiste 2020	700	98.322	4.651%	3.0	Neamhní
18 Márta	4.5 % Banna Státhchiste 2020	500	100.695	4.439%	3.4	100
15 Aibreán	4.5 % Banna Státhchiste 2020	600	98.239	4.659%	3.3	120
19 Bealtaine	4.5 % Banna Státhchiste 2020	750	96.776	4.793%	2.9	Neamhní
17 Meitheamh	4.5 % Banna Státhchiste 2020	500	97.014	4.772%	4.2	100


Gabháltais Éagsúlacht de Bhannaí an Rialtais Éireannaigh

Mhéadaigh infheistíocht idirnáisiúnta i mbannaí an Rialtais Éireannaigh go suntasach ó thabhairt isteach den euro. Chuaigh gabháltais neamh-chónaithe ó 22 faoin gcéad i 1998 go 79 faoin gcéad i 2004, d'ainneoin méadú de níos mó ná 50 faoin gcéad i méid de bhannaí le hóc thar na tréimhse céanna. Bhí beagnach gach banna eisithe ó thabhairt isteach den euro glactha suas ag infheisteoirí idirnáisiúnta.




Láimhdeachas agus Leachtach

Bhí an láimhdeachas i mbannaí an Rialtais Éireannaigh ar an Stocmhalartán na hÉireann i 2004, ag €72.3 billiún, ar aon dhul leis an meán láimhdeachas ó 2001 go 2003.



Tá láimhdeachas á shaihbhiú go mór ag an gníomhaíocht trádála sna bannaí ar EuroMTS agus MTS Ireland. Bhí an chomh-láimhdeachas de bhannaí an Rialtais Éireannaigh ar gach córas i 2004 €12.3 billiún.




Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú ar lean

Athghabháil


Cuireadh áis banna athghabhála agus cúlaithe athghabhála ar fáil ag an NTMA do Phríomh Dhealaithe. Ligtear dóibh bannaí a fháil ar iasacht nó dhéanamh chun stádas gearr a chlúdach ar bhonn daingnithe. Tá an áis á úsáid chun an fheidhmiú mín agus éifeacht de mhargadh banna a dheimhniú agus tá sá mar fhoinsé úsáideach de eolas margaíochta don NTMA.

Tá athghabháil cuid tábhachtach de leachtach san mhargadh banna agus seastar do trí uaire agus leath láimhdeachas sa mhargadh airgid. Soláthraítear meicníocht comhthaobhacht d'infheisteoirí chun a aischur a shuibhriú trí a gabháltais banna a iasachtú ar bhonn gearr-théarma. Bhí an láimhdeachas athghabhála á thuairisciú ag Stocmhalartáin na hÉireann ná €248 billiún i 2004.




Gníomhaíochtaí Príomh Dhealaithe

Príomh Cheannaithe 2004 Céadatan de scair an mhargaidh mhiondíola



Príomh Cheannaí 2004 Scair chéatadán de na ceantanna uile



Glanadh agus Socrú Bannaí an Rialtais Éireannaigh in Euroclear

Tá an fheidhm glanadh agus socrú do bhannaí an Rialtais Éireannaigh déanta amach ag Euroclear Bank, Brussels. Coimeádann an Banc Ceannais agus an t-Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann clárlann sealbhóirí na mbannaí sin, tá an tromlach de sin in ainm Euroclear Bank. Socraíonn déileáil banna ar bhonn t+3 (is é sin, trí lae gnó tar éis an dáta trádála).

Innéacsanna Banna

Tá bannaí an Rialtais Éireannaigh á chur san áireamh sna hinnéacsanna banna seo a leanas:

- Bloomberg / EFFAS – Euro Bloc Government Bond Index
- Citigroup Global Markets Limited - World Government Bond Index
- EuroMTS Euro Area Index
- Lehman Brothers - Global Treasury Index
- Merrill Lynch – Pan-European Government Bond Index

Deasc Trádála Tánaisteacha

Coimeádann an NTMA an fheidhm trádála tánaisteacha chun trádáil ina bhannaí le rannpháirtithe margaidh eile. Tá sé deighlte amach ón ngníomhaíocht príomh dheasc banna trí “Ballaí Síneacha”. Tá an ról ag an deasc trádála tánaisteacha ná leachtach a chur ar fáil son mhargadh agus chun gníomhú mar fhoinsé suimithe d’eolas margáíochta don NTMA. Bhí punann de €86 milliún de bhannaí an Rialtais Éireannaigh trádáilte go gníomhach i rithe na bliana chun an figiúr láimhdeachas de €3.5 billiún, ag seasamh do 5 faoin gcéad de láimhdeachas de na bannaí sin ar Stocmhalartáin na hÉireann.

Bhí an deasc trádála tánaisteacha a chur faoi mhandáid chun sócmhainní de €2.8 billiún a riaradh, is é sin punann banna fulangach den Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (os €1 billiún ag deireadh 2004), an farasbarr carnta de Chiste Árachais Shóisialaigh (€1.6 billiún ag deireadh 2004) agus sócmhainní de Chiste na gCuntas Díomhaoin (€202 milliún ag deireadh 2004).

Cláir Nóta Meán Téarmach Term

Tá US\$5 billiún Clár Nóta Meán Téarmach Euro agus US\$500 milliún Clár Nóta Meán Téarmach SA curtha san áit ag an NTMA. Tá siad mar chláir il-airgeadra a eascann eisiúint in struchtúir éagsúla.

Eisiúint Banna Dollar SA

I bhFeabhra 2005, d’eisigh an NTMA banna Euro US\$500 milliún faoin a Chlár Nóta Meán Téarmach, an chéad eisiúint in deich mbliana. Déanann an banna, le cúpón de 3.875%, aibíocht in Iúil 2010. Bhí sé eisithe ar bhonn


deich pointe thar Stáitchistí SA agus bhí fáltais á mhalartú isteach mar euro ag bhonn 29.3 pointe faoi Euribor. Thar an tsaoil cúig bhliana den iasacht, seastar do shábháil de €3.5 milliún nuair a cuireadh i gcomparáid é le ceant gnáth bhanna.

Bhí tairiscintí faighte ó 15 institiúid airgeadais idirnáisiúnta agus bronnadh an mhandáid do Barclays Capital. Cheannaigh cistí institiúide leath na heisiúna agus bainc ceannais 35 faoin gcéad. Cuireadh iomlán de 56 faoin gcéad sa áit san Eoraip agus 38 faoin gcéad san Áise.

Bainistiú de Fhiach Gearr-théarmach agus Airgead

Tá na cláir ghearr-théarmacha seo a leanas á bhfeidhmiú ag an NTMA

- Clár Pháipéar Tráchtála na hÉireann/US\$8 billiún
- Clár Pháipéar Tráchtála €2.5 billiún na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe
- Nótaí Stáitchiste
- Nótaí Ilairgeadra Alt 69
- Billí Idirghabhála Talmhaíochta Tráchtearra (AICB).
- Seirbhís an Stáitchiste Lárnaigh do chomhlachtaí Stáit neamh-thráchtála.
- Bainistiú airgid mar chuid de bhainistiú leachtachta Bhanc Ceannais na hEorpa do cheantar an euro



Maoiniú agus Fiach a Bhainistiú ar lean

Clár Pháipéar Tráchtála na hÉireann

Líostáladh Clár Pháipéar Tráchtála na hÉireann \$8 billiún ilairgeadra, ar Stocmhalartán na hÉireann i 2004. Rinneadh é seo ionas go mbeadh an cumas aige áiseanna athghabhála le Banc Ceannais na hEorpa a úsáid. Cuireann an clár seo, atá á rátáil de réir AAA, maoiniú ar fáil, ag leibhéil tarraingteacha atá i bhfad níos ísle ná Euribor. Is iad na ceannaithe atá faoin gClár seo ná:

- Barclays Bank plc
- Citibank International plc
- Credit Suisse First Boston (An Eoraip) Limited
- Deutsche Bank AG London
- Goldman Sachs International
- ING Bank NV
- Lehman Brothers International (An Eoraip)
- Royal Bank of Scotland

Gníomhaire Eisiúna: JP Morgan Chase Bank, London

Gníomhaire Íocaíochta: JP Morgan Chase Bank, London agus JP Morgan Bank (Ireland) Plc

Fiosrú Malartach: Glacann Éire le fiosrú malartach chomh maith.

De ghnáth, bíonn luachanna trádála ann idir US\$50 milliún agus US\$100 milliún. Is í an tréimhse is fearr atá ann ná idir mí amháin agus sé mhí. Athraítear gach iasacht neamh-euro ina euro, trí chonarthaí malairte eachtracha Is é an t-aistriú iomlán a bhí ann i 2004 ná €9.2 billiún.

Clár Pháipéar Tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe

Faoin reachtaíocht a dhéanann riaradh ar an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA), comhlíonann an NTMA na feidhmeanna iasachta atá ag an HFA faoina Clár Pháipéar Tráchtála Euro ilairgeadra atá de luach €2.5 billiún. Faigheann an HFA iasachtaí le cur ar aghaidh chuig na húdaráis áitiúla chun tithíocht sóisialta a chur ar fáil agus tá siad deimhnithe ag an Aire Airgeadais. Tá an ráta creidmheasa gearr-théarmach is fearr ag an gclár ó Moody's and Standard and Poor's. Is iad na ceannaithe céanna atá ar chlár an HFA is atá ar chlár \$8 billiún na hÉireann/na Stát Aontaithe. De ghnáth

bíonn na hiasachtaí ar an gclár seo ann idir mí amháin agus sé mhí, de réir riachtanais an HFA. Aistrítear gach iasacht neamh-euro ina euro ar an bpointe boise, ag úsáid chonraí aistriúcháin eachtracha Ba é an t-aistriú iomlán a bhí ann i 2004 ná €41 billiún.

Nótaí Státhchiste

Tá Nótaí Státhchiste ina ionstraimí maoinithe gearr-théarmacha agus ionstraimí bainistíochta leachtachta, a bhíonn eisithe go díreach ón NTMA chuig réimse leathan d'infheisteoirí idir chorparáideacha, bhainc agus claint institiúide eile. Tá na Nótaí Státhchiste ainmnithe in euro agus tá siad ar fáil idir tréimhsí aon lá go haon bhliain, ag brath ar riachtanais an infheisteora. Tá riachtanas bun-infheistíochta de €250,000 i gceist. Tá siad líostáilte ar Stocmhalartán na hÉireann. Léirítear na praghsanna ar Reuters agus ar Bloomberg, ar leathanach an NTMA. Bíonn na hiasachtaí ann de ghnáth ar feadh tréimhsí ó sheachtain amháin go trí mhí. Bhí gníomhaíocht ar luach €13 billiún i 2004.

Billí Idirghabhála Talmhaíochta Tráchtearra (ACIB)

Ionstraimí féich ghearr-théarmacha iad Billí Idirghabhála Talmhaíochta Tráchtearra. Bíonn siad á bhainistiú ag an NTMA agus úsáidtear iad chun riachtanais airgid gearr-théarmacha na Roinne Talmhaíochta agus Bia a chomhlíonadh. Eascraíonn siad seo as íocaíochtaí idirghabhála leanúnacha a déantar le feirmeoirí agus a leithéidí, a íocann Coimisiún na hEorpa ar ais don Roinn ag tréimhsí éagsúla. Bíonn na hiasachtaí faoin gclár seo ann ar feadh tréimhsí idir aon mhí go sé mhí agus iad ar luach €3.9 billiún i 2004.

Nótaí Ilairgeadra Alt 69

Tugadh isteach na nótaí atá in úsáid faoi Alt 69 den Acht Airgeadais 1985 ar mhaithe le spreagadh a thabhairt do na chomhlachtaí cuí ón iasacht, atá lonnaithe in Éirinn, an t-airgead sa bhreis atá acu a infheistiú anseo. Féadfaidh na comhlachtaí cuí infheistiú a dhéanamh go díreach leis an NTMA, nó trí bhainc áirithe in aon airgeadra mór. Bíonn tréimhsí infheistíochta ann a shíneann ar aghaidh go dtí aon bhliain amháin Is é an bhun-infheistíocht atá ann ná €100,000 nó a chomhmhéad. Bhí luach €40.3 billiún ann ar an ngníomhaíocht faoin gclár seo i 2004.

Bainistiú Leachtachta Bhanc Ceannais na hEorpa

Tá córas um bhainistiú so-aistritheachta i bhfeidhm ag Banc Ceannais na hEorpa (ECB) atá ag brath cuid mhaith ar réamhfhaisnéis chruinn a bheith ag teacht ó na bainc cheannais náisiúnta éagsúla trí cheantar an euro, maidir le leibhéal cothromaíochta na rialtas. I gcás na hÉireann, tuairiscíonn an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann réamhfhaisnéis leibhéal na cothromaíochta do gach lá chuig Banc Ceannais na hEorpa, sé lá gnó roimh ré. Bíonn an chothromaíocht á stiúradh ag caiteachas an Rialtais, an cháin atá bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag obair bhainistíochta an NTMA maidir le fiacha. Ag deireadh gach lá gnó, cláraíonn an NTMA na haistriúcháin seo agus oibrítear amach an tionchar a bheidh acu ar leachtacht ar mhaithe le cinntiú go gcoinnítear cothromaíocht an rialtais ag an leibhéal a bhí sa réamhaisnéis a thug an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann do Bhanc Ceannais na hEorpa. Ceannaíonn an NTMA airgead nó cuireann sí airgead i dtaisce i margadh idirnáisiúnta an airgid ar mhaithe le leibhéal na cothromaíochta a choinneáil ag leibhéal na réamhaisnéise a tugadh do Bhanc Ceannais na hEorpa. Bhí luach €221.5 billiún ar an ngníomhaíocht seo i 2004 a raibh meán-idirbhirt de €476 milliún i gceist leo.

Socruithe Taiscí

Tá córas monatóireachta cuimsitheach i bhfeidhm ag an NTMA dá riosca creidmheasa le hinstiúidí eile. Is é atá ann ná meastachán ar neart airgeadais 100 banc agus roinn eile, le fáil amach cé mhéad dá cuid airgid a bhfuil an NTMA sásta a chur i dtaisce iontu, ar bhunús gearr-théarmach agus fadtéarmach. Déantar meastachán leanúnach ar na teorannacha creidmheasa éagsúla seo agus déantar monatóireacht ar staid an NTMA go laethúil. Bíonn gá leis seo mar caithfidh leachtacht a bheith ag an NTMA sna margai idirnáisiúnta chun a cuid riachtanais airgeadais a chomhlíonadh, de réir mar a thagann siad aníos, chomh maith lena chinntiú go bhfuil an t-airgead seo á chosaint i gceart. De ghnáth bíonn idir €2 billiún agus €3 billiún i dtaisce gach lá.

Aistriúcháin ar son Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Tá sainordú tugtha ag Coimisinéirí an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) don NTMA bainistiú a dhéanamh ar chúram bannaí éighníomhacha a raibh luach €1,148 milliún air ag deireadh 2004. San áireamh leis sin, déanann an NTMA aistriúcháin FX, chun an baol maidir le haistriúcháin eachtrannacha a laghdú ó thaobh infheistíochtaí áirithe neamh-euro de chuid an NPRF. Bhí luach €17 billiún i gceist leis na haistriúcháin FX i 2004. Tá sainordú ag an NTMA chomh maith, chun bainistiú a dhéanamh ar airgead neamhinfheistithe an NPRF. Is é an ghnáth-chothromaíocht a bhí ann i 2004 ná €1.1 billiún.

Coigiltis Miandíola

Tá thart ar 15 faoin gcéad den Fhiach Náisiúnta i seilbh infheisteoirí pearsanta sna scéimeanna coigiltis Rialtais. Tá na scéimeanna seo, seachas na Duaisbhannaí, á fheidhmiú ag An Post thar cheann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá na Duaisbhannaí á fheidhmiú ag Comhlacht na nDuaisbhannaí Teoranta, comhfhiontar idir An Post agus FEXCO.

Ba é €5,820 milliún an méid a bhí fós le n-íoc sna scéimeanna coigiltis le €1,749 milliún breise in ús fabhraithe. Ba é €356 milliún méid na bhfáltas glan i 2004, ina measc bhí €222 milliún i mBannaí Coigiltis,


€168 milliún i mBanc Coigiltis Oifig an Phoist (ina measc tá €93 milliún a bhí curtha i dtaisce i gCuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta) agus €52 milliún i nDuaisbhannaí. D'íocadh €86 milliún as Teastais Coigiltis agus as Coigiltis Náisiúnta Tráthchoda.

Tá sonraí den mhéid iomlán nach bhfuarthas fós ag deireadh 2004 agus na méideanna glan faighte nó aisíoctha i 2004 i ngach ceann de na scéimeanna coigiltis, leagtha amach thíos:

Scéimeanna Coigiltis	Méid iomlán nach bhfuarthas ag deireadh 2004 €milliún	Airgead (glan) faighte nó aisíoctha i 2004 € milliún
Teastais Choigiltis	2,196	-66
Bannaí Coigiltis	1,429	222
Coigiltis Náisiúnta Tráthchoda	385	-20
Duaisbhannaí	507	52
Stampaí Coigiltis	2	0
Banc Coigiltis Oifig an Phoist (POSB)		
Cuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta	258	93
Cuntais (POSB) Eile	1,043	75
Prionsabal Iomlán Dlíte	5,820¹	356
Ús Fabhraithe	1,749	-259
Iomlán	7,569	97

¹ Tá an figiúr seo san áireamh san Fhiach Náisiúnta.

Méideanna Dilte i Scéimeanna Coigiltis Rialtais 31 Nollaig 2004



Tá iomlán de €969 milliún i gCúlchiste na Mion-Choigiltas, a sheasann i gcoinne na suime de €1,749 milliún atá dlite in ús fabhráithe ar na scéimeanna coigiltis. Léiríonn sé seo 55 faoin gcéad den ús fabhráithe.

Costais Riaracháin

Ba é €44.6 milliún méid iomlán na dtáillí riaracháin íoctha leis An Post agus le Comhlacht na nDuaisbhannaí i dtaobh na scéimeanna coigiltis i 2004, agus tá siad seo leagtha amach thíos:

Scéimeanna Coigiltis	€m
Teastais Choigiltis	4.1
Bannaí Coigiltis	2.3
Coigiltis Tráthchoda	2.5
Duaisbhannaí ¹	6.9
Stampaí Coigiltis	1.0
Banc Coigiltis Oifig an Phoist ²	27.8
Iomlán:	44.6

Tá gnóthaíocht ag dul ar aghaidh leis An Post ar mhaithe le costais riaracháin na scéimeanna seo a laghdú, go háirithe Banc Coigiltis Oifig an Phoist.

Teacht ar Ais ar Infheistíocht

Tá díolúine ó cháin ioncaim na hÉireann, ag ús ar Theastais Choigiltis, ar Bhannaí Coigiltis agus ar Choigiltis Tráthchoda agus is iad seo a leanas na rátaí reatha aisghabhála:

- Teastais Choigiltis:** 16 faoin gcéad thar thréimhse 5½ bliain, atá comhionann le meán aisghabhála bliantúil de 2.74 faoin gcéad má choimeádtar i dtaisce iad go aibíocht. Is í €50 an t-íosmhéid infheistíochta, le huasmhéid de €80,000 do dhuine aonair agus €160,000 do chomh-úinéireacht.
- Bannaí Coigiltis:** 8 faoin gcéad thar thréimhse 3 bliain, atá comhionann le meán aisghabhála bliantúil de 2.6 faoin gcéad má choimeádtar i dtaisce iad go aibíocht. Is í €100 an t-íosmhéid infheistíochta, le huasmhéid de €80,000 do dhuine aonair agus €160,000 do chomh-úinéireacht.
- Coigiltis Tráthchoda:** 15 faoin gcéad thar thréimhse 5 bliain, atá comhionann le meán aisghabhála bliantúil de 2.57 faoin gcéad. Is í €25 an t-íosmhéid infheistíochta míosúil, le teorainn uasmhéide infheistíochta míosúil de €500.

Banc Coigiltis Oifig an Phoist

Ba é €1,301 milliún an bunús taisce ag deireadh 2004, sin méadú de 15 faoin céad le linn 2004. San áireamh san fhigiúr seo tá an t-iomlán atá dlite i gCuntais Dreasahta Coigiltis Speisialta (SSIA), sin €258 milliún ag deireadh 2004.

Tá dhá tháirge SSIA, ceann ar ráta seasta agus ceann ar ráta athraitheach. Tá breis agus trí cheathrú de na SSIA go léir ina dtáirgí le ráta seasta. Thairg an dá tháirge ráta úis de 4 faoin gcéad in aghaidh na bliana ar dtús. Ó lúil 2003, is é 2 faoin gcéad an ráta úis athraitheach bliantúil. Tá gealltanais ag baint leis an gcuntas atá ar ráta úis athraitheach nach dtitfidh sé níos mó ná pointe faoin gcéad amháin faoi bhun phríomh ráta athmhaoinithe Bhanc Ceannais na hEorpa.

Is iad seo a leanas na rátaí úis reatha ar na cuntais eile POSB:

Cuntas Éilimh	Ráta in aghaidh na bliana
• Faoi €6,000	0.10%
• €6,000 agus os a chionn	0.25%
Cuntas Éilimh Móide	Ráta in aghaidh na bliana
• Faoi €30,000	1.0%
• €30,000 agus os a chionn	1.5%

¹ Íocadh na táillí seo le Comhlacht na nDuaisbhannaí. Íoctar na táillí eile go díreach leis An Post.

² Íoctar táillí a bhaineann le Banc Coigiltis Oifig an Phoist (BCOP) ón gCiste BCOP.

Duaisbhainní



Ba é €52 milliún na díolacháin glan de Dhuaisbhannaí i 2004, agus ba é €507 milliún an méid iomlán a bhí dlite ag deireadh 2004. Íocadh sa bhreis ar 110,000 duais saor ó cháin, de luach €11.2 milliún, i rith na bliana. Ba é 2.4 faoin gcéad an ráta úis a úsáideadh i 2004 chun an ciste duaise a dhéanamh amach. Tugann Duaisbhannaí, atá mar chuntas taisce éilimh, toradh féideartha tarraingteach i gcomparáid le táirgí infheistíochta cosúla eile.

Duaiseanna nár Éilíodh

Bhí breis agus 7,000 Duaisbhanna nár éilíodh duais orthu ag deireadh 2004, le luach chomhiomlán de bhreis agus €1 milliún. Tá cuid acu seo ann ó 1957, an bhliain a cuireadh tús leis na Duaisbhannaí. Is féidir teacht ar leabhrán ó oifigí an phoist ar fud na tíre ina bhfuil liosta de na duaiseanna nár éilíodh. Tá an t-eolas seo ar fáil chomh maith ar suíomh idirlín Chomhlacht na nDuaisbhannaí www.prizebonds.ie, áit gur féidir Duaisbhannaí a cheannach ar líne.



Rátaí Creidmheasa

Rinneadh athchinntiú ar rátaí creidmheasa arda fadtéarmacha agus gearr-théarmacha don cheithre ghníomhaireacht creidmheasa is mó le linn na bliana.

	Rátaí Fadtéarmacha Creidmheasa	Rátaí Gearr-théarmacha Creidmheasa
Moody's:	Aaa	P-1
Standard & Poor's:	AAA	A-1+
Fitch Ratings:	AAA	F1+
Rating & Investment Information Inc.:	AAA	a-1+

Fanann na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa an-dearfach maidir le seasamh creidmheasa na hÉireann. Leagann siad béim ar gheilleagar solúbtha agus ilchineálach atá tar éis cuid mhaith infheistíochta eachtraigh a mhealladh le blianta beaga anuas agus an ráta fáis is airde san AE i 1995. Cuireann siad béim freisin ar rath na hÉireann ó 1999 a fhiacha a íslíú faoi 19 pointe céatadán go 30 faoin gcéad den OTI i 2004. Seo an laghdú is mó fiacha bainte amach ag aon tír euro thar an tréimhse sin, ag tógáil san áireamh go bhfuil an dara brú fiacha is ísle ag Éire san AE. Rinneadh cur síos ar Éireann mar thír leis an leachtacht airgeadais is airde de na 21 tír san Eoraip gur rinneadh anailís orthu, a thaispeánann cumas bainistíochta ar mhaolú gheilleagair na tíre i dtuarascáil a rinne Standard & Poor. Sa bhreis ar seo meastar gur rud maith atá i mbunú an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin maidir le ráta creidmheasa na hÉireann. Mar thoradh ar a bhunú agus próifíl fabhrach daonra na tíre, is lú a bhraithfidh an tír éifeacht airgeadais daonra atá ag dul in aois i bhfad níos déanaí in Éirinn ná i dtíortha eile.

Ulysses Securitisation plc

Bunaíodh Ulysses Securitisation plc i 1995 chun sábháilteacht a chur ar fáil d'íocaíochtaí morgáiste na nÚdarás Áitiúil agus is iad an NTMA a dhéanann bainistiú ar faoi Chomhaontú Seirbhísí Corparáideacha.

Cuireadh sábháilteacht ar fáil d'íocaíochtaí morgáiste de €240 milliún i 1995 agus 1996 trí bhannaí a eisiúint.

Bhí sochar glan de €21.9 milliún i 2004 (2003: €19.5 milliún). Seasann taiscí carntha an chomhlachta i ngar de €111.5 milliún agus coimeádtar iad d'úinéireacht an Stáitchiste. Tugtar iasacht ar aghaidh d'aon airgead titim breise faoi Chomhaontú Infheistíochta go dtí go mbeidh orthu na bannaí a aisíoc i 2006.



Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



National Pensions Reserve Fund
Commission

Tá dualgas ar Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean chun Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Chiste a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Tá siad seo foilsithe go neamhspleách.

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin (NPRF) in Aibreán 2001 faoin Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000. An aidhm atá aige ná coimeád chomh mór agus is féidir de costais pinsean leasa shóisialaigh agus seirbhíse poiblí ó 2025 ar aghaidh nuair atáthar ag tuar go méadóidh na costais seo go mór de bharr aois an daonra. Ba é €11,689 milliún (cothrom le 9.5 faoin gcéad de OTN) margadhluach an Chiste ag deireadh 2004. Thuill an Ciste aischur de 9.3 faoin gcéad i 2004.

Is é Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean a rialaíonn an Ciste, comhlacht corparáideach déanta suas de seachtar ball ainmnithe ag an Aire Airgeadais agus ag tógáil san áireamh ex officio, Príomhfheidhmeannach an NTMA. Tá an Coimisiún neamhspleách ar an Rialtas ina bhfeidhmeanna. Faoin reachtaíocht is é an NTMA Bainisteoir an Chiste agus tá gá leis an gCoimisiún lena freagrachtaí a chomhlíonadh tríd an mBainisteoir seo.

Príomh Ghníomhaíochtaí an NTMA

Is iad príomh ghníomhaíochtaí an NTMA ina fheidhmiúchán mar Bhainisteoir ar an NPRF ná:

Comhairle polasaí a sholáthar don Choimisiún:

Áiríonn sé seo soláthar comhairle ar cheisteanna straitéiseacha cosúil le dáileadh sócmhainní agus rangú breise sócmhainní agus réiteach pleananna dul isteach i ngnó ábhartha.

Roghnú agus Athbhreithniú ar Bhainisteoirí

Infheistíochta: Déanann an NTMA monatóireacht agus

athbhreithniú ar bhainisteoirí infheistíochta an Chiste ar mhaithe leis an gCoimisiún agus ritheann siad comórtais faoi rialacha an AE do roghnú bainisteoirí nua. Tionólfar cruinnithe le gach bainisteoir gach sé mhí, ar a dtuairiscíonn an NTMA chuig an gCoimisiún.

Cur i bhFeidhm Straitéise: Cuireann an NTMA cinntí infheistíochta an Choimisiúin i bhfeidhm ina measc tá am na hinfeistíochta airgid sna margaí.

Infheistíocht Mhaoine: Déanann an NTMA bainistíocht ar an gclár infheistíochta mhaoine an Chiste, de réir na dteorainneacha atá leagtha amach ag an gCoimisiún.

Monatóireacht ar Rialaithe an Chiste: Tá gnáthaimh sonracha forbartha ag an NTMA agus córais fhaisnéise forbartha le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí don Chiste. I measc na ngnáthamh seo tá monatóireacht a dhéanamh ar an seasamh tógtha ag an gCiste i dtaobh na punainne tagarmhairc, na bainisteoirí infheistíochta a bheith ag cloí le soláthair a gconraí, obair na mbainisteoirí infheistíochta agus cur i bhfeidhm éifeachtach trádála. Sa bhreis ar seo déanann an NTMA bainistíocht ar ghníomhaíochtaí an Airíoch Domhanda agus a chaidreamh leis na bainisteoirí bainistíochta.

Bainistíocht Punainne: I bhformhór cásanna tá bainistíocht laethúil an Chiste á riaradh ag institiúidí idirnáisiúnta bainistíochta infheistíochta i ndiaidh roinnt chomórtais tairisceana AE. Déantar roinnt imeachtaí infheistíochta a riaradh go himmheánach ag an gCiste. Tá an sainordú bannaí éighníomhach, bainistíocht airgead thirim an Chiste agus clár láraithe airgeadra de (le dul i gcoinne 50 faoin gcéad de nochtadh airgeadra eachtraigh an Chiste (ar aon dul le straitéis fadtéarmach infheistíochta an Chiste).)

Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



National Development
Finance Agency

Tá dualgas ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais maidir lena gníomhaíochtaí. Foilsítear iad seo ar leith.

Bunaigh an tAire Airgeadais an NDFA agus cheap sé a Bord le bheith i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2003. Cuireann an NDFA a feidhmeanna i bhfeidhm tríd an NTMA.

Is iad seo leanas na feidhmeanna:

- Comhairle a chur ar Údarás Stáit ar an mbealach is fearr le hairgeadú a dhéanamh ar thionscadail infheistíochta poiblí d'fhonn luach ar airgead a ghnóthú;
- Airgead a thabhairt roimh ré lena n-áirítear iasachtaí le hóc ar ais agus cothromaíocht, le gealltanais a sholáthar agus le tabhairt faoi shocrúithe airgeadais eile maidir le tionscadail ceadaithe ag aon Údarás Stáit;
- Comhairle a sholáthar d'aon Údarás Stáit maidir le gach gné de mhaoiniú, athmhaoiniú agus árachais ar thionscadail infheistíochta poiblí a fheidhmeofaí trí bhealach páirtíochtaí poiblí príobháideacha nó laistigh den earnáil phoiblí; agus
- Le comhlachtaí speisialta a bhunú ar mhaithe le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail.

Shonraigh an tAcht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2002 na ranna Rialtais, na húdaráis áitiúla, agus na gníomhaireachtaí Stáit móra a dtéann i mbun oibre ar thionscadal bhonneagair atá le comhairle an NDFA a lorg. Is ag an Údarás Stáit atá an cinneadh deireanach, áfach. Caithfidh gach Údarás Stáit gach tionscadal infheistíochta caipitiúil sa bhreis ar €20 milliún a chur faoi bhráid an NDFA.

D'fhéadfadh an NDFA teacht ar mhaoin chomh mór le €5 billiún chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair é féin nó trí comhlachtaí d'aon ghnó. D'fhéadfadh an tAire Airgeadais airgead a chur ar fáil, chomh maith le €250 milliún, don NDFA nó comhlacht d'aon ghnó bunaithe aige. Is féidir leis an NDFA an t-airgead seo a úsáid le h-aghaidh infheistíocht chothromais a dhéanamh i, nó iasacht aisíochta chuig, comhlacht d'aon ghnó speisialta.

Is iad seo a leanas an trí chomhlacht déag, le luach iomlán de €1.3 billiún, ar thug an NDFA comhairle:

Tionscadal	Údarás Stáit
Iompar – Bóithre	
Seacród Iarthar Dhún Dealgan	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Cill Coca – Cionn Átha Gad	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Seacród Rath Chormaic – Mainistir Fhear Maí	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Iompar – Iarnród	
Riachtanais Mhaoinithe Chaipitiúla	C.I.E.
Áis Chreidmheasa LUAS	An Gníomhaireacht um Fháil Iarnród.
Tithíocht	
Fatima Mansions	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Iasachtaí na Núdarás Áitiúil	
Oifigí Sibhialta	Comhairle Chontae Chill Dara
Athchóiriú ar Halla an Chontae	Comhairle Chontae Chorcaí
Scéim Draenála agus Athchóiriú Tigh na Cúirte	Comhairle Cathrach Chorcaí
Oifigí Sibhialta	Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh
Tionscadal Turasóireachta Aillte an Mhothair	Chomhairle Chontae an Chláir
Oifigí Ceannteathrú Nua	Chomhairle Chontae an Chláir
Leathanbhanda/Teicneolaíocht	
Líonra Ceantair Ceanntathartha	An Roinn Cumarsáide

Sholáthair NDFA comhairle maoinithe ar cheithre thionscadal PPP, i 2004, atá tar-éis dúnadh an chonradh a shroicheadh agus atá á thógáil nó i bhfeidhm. Ba iad seo a leanas na tionscadail, le luach iomlán de €470 milliún: Bóithre – M1 Seachród Iarthar Dhún Dealgan, N8 Seachród Rath Chormaic-Mainistir Fhear Maí; Tithíocht – Fatima Mansions Athfhorbairt agus Teicneolaíocht Leathanbhanda – Lónra Cheantair Ceanntathartha.

Sa chomhairle tugtha go dtí seo bhí an t-eagrú de mhaoiniú de thart ar €400 milliún i leith seacht dtionscadal neamh-PPP. De na trí thionscadal déag atá críochnaithe go dtí seo, fuarthas maoiniú ó na foinsí seo a leanas: fiach bainc na hearnála príobháidigh, iasachtaí tionscadail Bhanc Infheistíochta na hEorpa, ranníocaíochtaí díreacha ón Státchiste agus cothromas príobháideach.

Tá tréimhse fada ann roimh sholáthair tionscadal bhonneagair caipitil poiblí de bharr an tréimhse fada atá ag an bpróiseas tairisceana, go háirithe maidir le tionscadal PPP. Tá roinn mhaith de na tionscadal a cuireadh aoi bhráid an NDFA sa phróiseas tairisceana faoi láthair agus tá an NDFA ag soláthair comhairle maoinithe ar bhonn leanúnach. Ina measca siúd tá roinn tionscadail infheistíochta mhór-caipitil atá á thógáil ag an Stáit mar an Ionad Náisiúnta Comhdhála, an Coimpléasc Cúirte Coiriúil, athfhorbairt Phríosúin Mhuinseo agus teilgean Líne B Luas. I meas na tionscadail eile tá bóithre, tithíocht shóisialta agus áiseanna mar dhramhail agus uisce.

Ciste Árachais Shóisialaigh

Íoctar ranníocaíochtaí árachais sóisialta isteach sa Chiste Árachais Sóisialta, agus íoctar íocaíochtaí maidir le ábhair cosúil le dífhostaíocht agus liúntais míchumais, pinsin lucht scoir agus pinsin ranníocaíochta sean aois uaidh.

Thosnaigh an NTMA bainistíocht ar an bhfarasbarr carntha sa Chiste in Iúil 2001, le feidhmiú á mheas i gcoinne tairseach aontaithe leis an Aire Airgeadais.

Ag deireadh 2003 bhí luacháil €1,275 milliún ar an gCiste. I rith 2004, d'aistríodh €300 milliún ón gCiste

go dtí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag tabhairt iomlán sócmhainní faoi bhainistíocht an Chiste go dtí €1,6 billiún ag deireadh na bliana. Tá €400 milliún eile curtha leis go dáta i 2005, a cuireann iomlán de €2 billiún faoi bhainistíocht.

Ba é 2.13 faoin gcéad an aisghabháil ar infheistíocht a bhain an Ciste amach i 2004 ag tógáil san áireamh treoirlínte infheistíochta eisithe ag an Aire Airgeadais.



Seirbhís an Státchiste Lárnaigh

Tá Seirbhís an Státchiste Lárnaigh (CTS) á thairiscint ag an NTMA go roinnt comhlachtaí san earnáil poiblí - Údaráis Áitiúla, boird sláinte, agus coistí gairmoideachais. Leanann an coincheap dea-chleachtais san earnáil phríobháideach áit a channann comhlachtaí gaolmhara a n-iasachtaí agus airgead thirim sa bhreis in aonad Státchiste lárnach le costais a shábháil. Tairgeann an NTMA áiseanna taisce agus iasachta do na comhlachtaí

seo ag rátaí iomaíocha, leis an aidhm le soláthar a dhéanamh ar bhealach eile lena socruithe reatha Státchiste agus ag déanamh coigiltis don Státchiste féin.

I rith 2004, bhí éagsúlacht idir €70 milliún agus €98 milliún sa mhéid ar iasacht, go fadtéarmach agus go gearr-théarmach d'eagraíochtaí ainmnithe. Bhí 297 taisce curtha i dtaisce leis an CTS le linn na bliana.

Gníomhaireacht Éileamh an Stáit

Tá an NTMA ainmnithe mar Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit (SCA) chun críche feidhmeanna bainistíochta éileamh agus bainistíochta riosca arna tharmligean de ón Rialtas faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000. Bunaíodh an SCA i Nollaig 2001. I measc a príomh-chuspóirí tá:

- Seirbhís ghairmiúil agus éifeachtach ó thaobh costais a sholáthar chun éilimh ar dhamáiste gortaithe pearsanta agus maoine a thugtar in aghaidh an Stáit a bhainistiú.
- Seirbhís chomhairle bainistíochta riosca a sholáthar agus é a bheith mar aidhm dlíthíocht amach anseo a laghdú.

Éilimh Faoi Bhainistíocht

Clúdaíonn sainchúram an SCA éilimh a dhéantar in aghaidh roinnt Údaráis Stáit, lena n-áirítear an Stát é féin, Airí, an Ard-Aighne, Coimisinéir an Gharda Síochána, gobharnóirí príosúin, scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus comhlachtaí éagsúla eile. Déileáilann an SCA le héagsúlacht leathan éileamh ó chinn an-tromchúiseach, lena n-áirítear cinn a bhaineann le duine a mharaítear, go dtí éilimh a thagann ó mhion-eachtraí. I bhFeabhra 2003, tarmligeadh bainistiú éileamh cliniciúil go foirmiúil don SCA.

Staid Reatha

Déanann an SCA bainistiú faoi láthair ar beagnach 2,600 éileamh, le costas iomlán don Státchiste (cúlchiste) de thart ar €135 milliún. As na héilimh sin, tá 35% cliniciúil, agus an 65% atá fágtha ina nDliteanas Fostóra/Dliteanas Poiblí/Damáiste do Mhaoin (DF/DP/DM).




State Claims Agency

Bainistíocht Éileamh ar Dhliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí agus Damáiste Maoine

As na héilimh sa chatagóir sin, is éilimh ar dhliteanas fostóra 44% díobh, is éilimh a dhéanann an pobal 35% díobh agus is éilimh a thagann as damáiste a dhéantar do mhaoin é an chuid eile.


Bíonn baint ag an tSeirbhís Phríosúin, ag an nGarda Síochána agus ag na Fórsaí Cosanta le 70% de na héilimh sin.

DF/DP/DM Éilimh ag gach Údarás




Is iad na príomh chúiseanna a bhíonn le DF/DP ná líomhaintí go nochtar substaintí contúirteacha (22%), timpistí tráchta bhóthair (RTA) (34%) agus cásanna ina sciarrann daoine, ina mbaintear tuisle astu agus ina dtiteann siad (17%).

DF/DP/DM Éilimh de réir Príomh Chúise



Tá an SCA ag déanamh monatóireachta chomh maith ar thart ar 4,600 eachtra EL/PL tromchúiseach, cuid díobh a bhféadfaí éilimh a dhéanamh díobh amach anseo.

Éilimh DF/DP/DM de réir Catagóire Éileitheora



Éilimh ar Aispeiste

Mhaígh breithiúnas na Cúirt Uachtaraí *Fletcher v Commissioners for Public Works* go gcuireann dlí na hÉireann cosc ar ghearánaithe damáiste a aisghabháil as faitíos neamhréasúnach go bhfuiltear chun galar a tholg sa chás go bhfuil baol an-bheag ann go dtolfaí galar mar sin. Meastar, go dtí seo, go raibh oibleagáid ar an Stát €5,000 ar an meán a chaitheamh in aghaidh an cháis nó thart ar €2.5 milliún ar an iomlán ar chostais dlí agus míochaine ag cosaint na n-éileamh sin. I ndiaidh breithiúnais eile ón gCúirt Uachtarach an 31 Eanáir 2005, tá an SCA anois gníomhach chun costais an Stáit a aisghabháil.


Bord Measúnachta na nDíobhálacha Pearsanta

Chuir Bord Measúnachta na nDíobhálacha Pearsanta tús lena chuid oibre in Iúil 2004. Ón dáta sin ní mór gach éileamh ar ghortú pearsanta (ach amháin faillí míochaine) a chur isteach chuig an PIAB sula dtosaíonn imeachtaí dlí beag beann ar dháta na timpiste. Suas go dtí 31 Nollaig 2004, bhí 11 fógra faighte ag Gníomhaireacht Éileamh an Stáit ón PIAB. Astu sin, thug an SCA a dtoil do mheasúnachtaí i dtír chás. Diúltaíodh measúnacht don chuid eile agus aird ar shaincheisteanna dliteanais sna cásanna sin.

Éilimh a réitíodh

Ó bunaíodh í i Nollaig 2001, tá os cionn 1,100 éileamh réitithe ag an SCA ag costas de thart ar €12.5m, agus réitíodh a bhformhór trí shocrú lasmuigh de chúirt. Tá na costais sin inaisghabhála ó na hÚdaráis Stáit éagsúla.

Éilimh DF/DP/DM Réitithe ag Toradh an Cháis



Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí & Bainistíocht Riosca Damáiste Do Mhaoin

Tá mionteagasc reachtúil ar an SCA comhairle agus cúnamh a thabhairt d'Údaráis Stáit maidir le rioscaí a bhféadfadh, mura dtugtar aghaidh cheart orthu, dlíthíocht damáiste maoin/gortaithe pearsanta a bheith mar thoradh orthu. Soláthraíonn sí comhairle agus moltaí ionas gur féidir beartais choisctheacha a chur i bhfeidhm.

Tá sé d'oibleagáid ar Údaráis de réir an dlí tuairisc a thabhairt don SCA faoi aon eachtraí a bhféadfaí éilimh a dhéanamh mar gheall orthu agus, ó bunaíodh í, tá beagnach 4,600 fógra faighte aici faoi eachtraí tromchúiseacha.

Tá sé criticiúil go dtabharfaí tuairisc luath faoi eachtraí ionas go n-éireodh le héilimh agus bainistíocht riosca. Cuireann sé ar chumas an SCA imscrúdú luath agus sonraithe a dhéanamh ar na heachtraí is tromchúisí ionas gur féidir cinneadh a ghlacadh ar cheist an dliteanais sula mbíonn aon chaint ar dhlíthíocht. Cuireann sonraí ar eachtraí tromchúiseacha ar chumas an SCA freisin pátrúin nó cnuasaigh a aithint a d'fhéadfadh laig a aimsiú i ggnáthaimh sláinte agus sábháilteachta atá ann cheana féin.

Gníomhaireacht Éileamh an Stáit ar lean

Déanann an SCA freisin athbhreithnithe riosca, a fhéachann leis na rioscaí a bhíonn ar bun i ngach údarás a aithint bunaithe ar a chuid gníomhaíochtaí, agus an áitreabh a bhíonn ag an údarás. I gcomhar le sonraí ar éilimh agus eachtraí tromchúiseacha, cuireann athbhreithnithe riosca ar chumas an SCA easnaimh bhainistíochta riosca a aithint agus tionscnaimh a mholadh chun aghaidh a thabhairt orthu.

Seo a leanas cuid de na tionscnaimh athbhreithnithe riosca a forchéimníodh i 2004:

Múnlaigh Tocsaineacha

Tá líon beag éileamh faoi mhúnlaigh tocsaineach curtha isteach chuig an SCA. Ionas go mbeidh sí in ann bunús eolaíochta a fháil chun éilimh dá leithéid a d'fhéadfadh teacht aníos amach anseo a chosaint, rinne an SCA coimisiúnú ar staidéar chun a fháil amach cé chomh fairsing agus a bhíonn a leithéid de mhúnlaigh i bhfoirgnimh de chuid an Stáit.

Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé rinne an SCA forbairt ar threoirlínte teicniúla agus chuir siad ar fáil d'Údaráis Stáit iad chun cur ar a gcumas na rialaithe riosca riachtanacha a chur i bhfeidhm.

Gás Radóin

Is gás radaighníomhach é radón a tharlaíonn go nádúrtha, agus má thugtar deis de méadú i spásanna dúnta, tugann sé dáileog radaíochta a d'fhéadfadh ailse sna scamhóga a thabhairt do dhuine. Tá dualgas reachtúil ar gach fostóir – lena n-áirítear Údaráis Stáit – riosca radóin a mheas agus beartais leasúcháin cuí a ghlacadh nuair is gá.

Thionóil an SCA, i gcomhair le hInstitiúid Cosanta Raideolaíochta na hÉireann (RPII) seimineár eolais d'Údaráis Stáit ar radón, á spreagadh chun clár a thionscnamh chun leibhéil radóin a thomhais, ag tabhairt tús áite d'fhoirgnimh atá suite i limistéir threolaíochta ina bhfuil riosca níos airde.

Go dtí seo tá glactha go maith ag Údaráis Stáit leis sin agus tá an clár thomhaise agus feabhsúcháin ag dul ar aghaidh go leanúnach, go háirithe i limistéir ina bhfuil riosca níos airde.

Na Fórsaí Cosanta

Rinneadh athbhreithniú riosca sonraithe ar bhainistiú riosca sláinte agus sábháilteachta saothair sna Fórsaí Cosanta. Fuarthas amach san athbhreithniú go raibh cur chuige proifisiúnta ag na Fórsaí Cosanta i ndáil le bainistiú sábháilteachta. Mar sin féin, aithníodh roinnt réimsí mar réimsí ina gcaithfí feabhas a dhéanamh.

Rinneadh athbhreithniú riosca sonraithe ar sé cheardlann déag is fiche ó shampla cúig gharastúin. Áiríodh leis sin ceardlanna adhmaid, miotail, ordanáise, armlainne agus comharthaí. Tá moltaí curtha isteach chuig na Fórsaí Cosanta.

An Garda Síochána – Timpistí Tráchta Bóthair

Tá Timpistí Tráchta Bóthair (RTA) lena mbíonn baint ag feithiclí na ngardaí ar an gcatagóir éileamh is mó a mbíonn baint ag An Garda Síochána leis. Tá athbhreithniú comhlánaithe ag an SCA agus curtha ar aghaidh chuig údaráis na nGardaí ina bhfuil beartais a chaithfear a ghlacadh chun an líon timpistí tráchta bóthair a bhaineann le gardaí a laghdú.

Seomraí Teicneolaíochta i Scoileanna Iar-bhunoideachais

Rinne an SCA, i gcomhair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, athbhreithniú sonraithe ar chaighdeán sábháilteachta i seomraí teicniúla (seomraí adhmaadóireachta, miotalóireachta agus seomraí teicneolaíochta) i scoileanna iar-bhunoideachais. Áiríodh leis an athbhreithniú sin dian-shuirbhé suímh ar sé cinn déag de scoileanna a roghnaíodh go randamach (ina raibh 58 ceardlanna) agus cuireadh ceistiúcháin amach chuig breis is céad scoil eile.

Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe, cuireadh moltaí cuimsitheacha chuig údaráis scoile agus bhí sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an cur chuige maidir le riosca sláinte agus sábháilteachta saothair a fheabhsú, agus go háirithe na rioscaí sin a bhain leis na teicneolaíochtaí.

Bhí treoir ghinearálta sa tuairisc ar chleachtais agus nósanna imeachta ar bhainistiú riosca sláinte agus sábháilteachta saothair, lena n-áirítear teimpléad chun ceardlanna a mheas agus chun tuairisciú orthu. Éascóidh sé sin measúnú ar cheardlanna i ngach scoil cuí.

Cuaillí Báire

I ndiaidh suirbhé ar shampla Scoileanna Pobail agus Cuimsitheach, d'eisigh an SCA *Treoirínte ar Shábháilteacht Cuaillí Báire i Scoileanna*. Scríobh an SCA chuig gach Scoil Pobail agus Cuimsitheach ag iarraidh orthu tuairisciú ar an ngníomh atá glactha acu ó fuair siad na treoirínte. Tá measúnú déanta ag gach scoil a thug freagra ar an SCA ar a gcuid cuaillí báire agus dheisigh siad iad/nó fuair siad cinn nua ina n-áit, mar is cuí.

Rinne an SCA teagmháil chomh maith le hÚdarás Caighdeán Éireann, agus ina dhiaidh sin bunaíodh coiste chun caighdeán náisiúnta a dhréachtú do dhearadh, déantúsaíocht agus úsáid cuaillí báire. Tá ionadaithe ón SCA, IRFU, FAI, GAA, ó Ranna Rialtais cuí, déantóirí, soláthraithe agus saineolaithe teicniúla ar an gcoiste.

Scéim Slánaíochta Cliniciúil

Bhunaigh an Rialtas an Scéim Slánaíochta Cliniciúil (CIS) in Iúil 2002. Faoi Scéim agus an coincheap a bhaineann le dliteanas fiontair, glacann gach fiontar cúram-sláinte (cibé an ospidéal nó gníomhaireacht eile é) dliteanas as gníomhartha foirne a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí cliniciúla. Sa chás go líomhnaítear go bhfuil faillí á déanamh, glacann an Stát freagracht as éilimh fhaillí cliniciúla den sórt sin a shlánú agus a bhainistiú. Tarmligeadh an fheidhm sin go foirmiúil ar an SCA i Feabhra 2003 chomh maith leis an bhfeidhm ghaolmhar eile comhairle agus cúnamh a thabhairt ó thaobh straitéis bainistíochta riosca cliniciúil náisiúnta a fhorbairt.

Scóip na Scéime Slánaíochta Cliniciúil


Le héifeacht ó Feabhra 2004, tá an scóip leathnaithe chun cleachtas poiblí comhairleoirí ospidéil a chlúdach agus a gcleachtas príobháideach in ospidéal phoiblí. Ní chlúdaíonn sé ospidéal phríobháideacha. Táthar ag cur socruithe maoinithe speisialta i bhfeidhm maidir leis na saoráidí cnáimhseachais agus géiceolaíochta in Ospidéal Mount Carmel, i mBaile Átha Cliath agus in Ospidéal Bons Secours, Corcaigh. Déanann an SCA bainistiú ar aon éileamh a thagann aníos a bhaineann leis na saoráidí sin.

Clúdaítear éilimh ar dhliteanas fostóra agus dliteanas poiblí de chuid fiontair sláinte faoi pholasaithe árachais le hárachóirí tráchtála.

Éilimh ar Fhaillí Chliniciúil


Ó bunaíodh an CIS, tá thart ar 930 éileamh faighte ag an SCA faoi líomhaintí ar fhaillí cliniciúil. Tá an líon éileamh den sórt sin atá faoi bhainistíocht an SCA anois os cionn 750, lena n-áirítear 50 eachtra tromchúiseacha ar dóigh go dtiocfaidh éilimh astu ag tráth níos déanaí.

Éilimh CIS de réir na Cinéala Imeachta Ginearálta



Tá an córas tuairiscithe idirlín dar teideal STARSWeb curtha i bhfeidhm anois ag 15 suíomh ollmhór agus táthar á shuiteáil faoi láthair ag gach gnóthas CIS atá rannpháirteach. Sheol fiontar sonraí ar thart ar 14,000 eachtra nach raibh chomh tromchúiseach sin, tríd nasc idirlín sábháilte, chuig an SCA le linn 2004.

Éilimh CIS de réir Ábhair Speisialta



Gníomhaireacht Éileamh an Stáit ar lean

Bainistíocht Riosca Cliniciúil

Is é ról an SCA comhairle agus cúnamh a thabhairt ó thaobh scéim bainistíochta riosca cliniciúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

Chomh maith le heachtraí agus éilimh chliniciúla tromchúiseacha, tá córas STARSWeb leagtha amach chun sonraí a thaifeadadh ar eachtraí agus éilimh “a cailleadh amach orthu ar éigean” agus cinn neamh-chliniciúla. Beidh rochtain ag an SCA ar gach sonraí cliniciúil agus úsáidfídh sí é chun réimsí riosca mór a aithint (e.g. treochtaí tromchúiseacha nó cnuasaigh áitiúla de chleachtas fochaighdeánach). Soláthróidh sé bunús bríomhar chun tionscnaimh bainistíochta riosca a sheoladh.

Coiste Polasaí

Forálann An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000 chun Coiste Polasaí a bhunú chun comhairle a chur ar an SCA ar pholasaí agus nósanna imeachta a bhaineann le feidhmiú a cuid

feidhmeanna bainistíochta éileamh agus bainistíochta riosca. Is mar seo a leanas atá an Coiste, a bhuail le chéile ceithre uaire le linn 2004:

- Noel Whelan (Cathaoirleach) – Leasuachtarán Seachtrach, Ollscoil Luimnigh.
- John F Dunne – Stiúrthóir Bainistíochta, J F Dunne Insurances.
- Michael Grace – Stiúrthóir Cúnta, AIB Investment Managers.
- Anne Marie Hayes – Cuntasóir Airgeadais an Ghrúpa, Musgraves.
- Margaret Lane – Bainisteoir Éileamh agus Árachais, Bord Gáis.
- Frank Martin – iar-Bhreitheamh de chuid na Cúirte Cuardaí.
- Anne Nolan – Príomhoifigeach, An Roinn Airgeadais.

Cuntais Díomhaoine

Bhí foráil san Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 go ndéanfaí tarchur ar iarmhéideanna cuntas díomhaoine in institiúidí airgeadais ar leith chuig an Stát agus go n-úsáidfí iad chun críche carthanachta ar mhaithe leis an sochaí nó leis an bpobal. Is é an tréimhse chun díomhaoineas a chinneadh ná 15 bliain ón idirbheartaíocht deiridh a thionscain an custaiméir. In ainneoin go bhféadfaí cuntais a dhearbhu mar chuntais dhíomhaoine, tugann an tAcht ráthaíocht do chearta sealbhóirí cuntais a gcuid airgid a fháil ar ais ó na hinstitiúidí airgeadais ag aon tráth.

Aistrítear na hiarmhéideanna díomhaoine tráth nach déanaí ná 30 Aibreán gach bliain. Tharla an chéad aistriú den sórt sin in Aibreán 2003 nuair a aistríodh €196 milliún ar an iomlán chuig Ciste na gCuntas Díomhaoine as institiúidí airgeadais. In Aibreán 2004, aistríodh suim €23 milliún a léirigh glan luach sóinseála polasaithe árachais saoil áirithe chuig an gCiste, faoin Acht um Polasaithe Árachais Saoil nár hÉilíodh, 2003.

Tá oibleagáid ar an NTMA an méid a bhíonn le híoc isteach i gCuntas Cúlchiste an Chiste a chinneadh chun aisíocaíochtaí agus costais a íoc. Tá an cúlchiste sin socraithe ag 15 faoin gcéad de suim iomlán an Chiste le ceadú ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le toiliú an Aire Airgeadais.

Tá €293 milliún ar an iomlán aistrithe isteach i gCiste na gCuntas Díomhaoine ag institiúidí airgeadais go dtí seo; as sin, tá athéileamh déanta ag institiúidí airgeadais ar €58 milliún i ndáil le cuntais dhíomhaoine a cuireadh ag obair arís. Déantar íocaíochtaí ó Chiste na gCuntas Díomhaoine ar threoir ó Bhord Íocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoine. Tá íocaíochtaí de €16 milliún déanta go dtí seo. Ag glacadh ús fabhraithe san áireamh, seasann iarmhéid an Chiste anois ag €225 milliún. Ag feitheamh ar íocaíocht, infheisteoidh an NTMA airgead sa Chiste, de réir plean infheistíochta an Chiste.

Urrúis Faoi Chumhdach Sócmhainne

Tá foráil san Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001 sa chás go ndéanann eisitheoir urrús mainneachtain faoin Acht, ní mór don NTMA, é seo a dhéanamh san ord seo a leanas:

- Soláthraí seirbhíse malartach a shlánú chun comhchoistí sócmhainní cuí a bhainistiú; nó
- Oibleagáideoir malartach a shlánú do na comhchoistí cuí; nó
- An comhchoiste a bhainistiú é féin.

Tá foráil bhreise san Acht gur chóir tosaíocht a bheith ag an NTMA maidir le costais a thabhaítear i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna agus díorthaíonn sé táille ceangaltais bliantúil as a chuid feidhmeanna a ghlacadh faoin Acht sin. Tá táille ceangaltais bliantúil aon deichiú de bhunphointe amháin den suim ainmnithe de bhannaí atá clúdaithe ag sócmhainní arna n-eisiúint ceadaithe ag Údarás um Rialaithe Seirbhísí Airgeadais Éireann. Le linn 2004, eisíodh €16.8 billiún d'urrúis a bhí clúdaithe ag sócmhainní in Éirinn faoin Acht, ardú mór ar 2003 (€12.5 billiún).



Caidrimh Chomhairlithe & Idirnáisiúnta

Chuaigh roinnt iasachtóirí flaithiúnais – ó thíortha a rinne iarratas ar an AE a bhformhór – i gcomhairle leis an NTMA i ndáil le saincheisteanna bainistíochta fiacha. I 2004, bhí an NTMA ina hóstaí ar Ghrúpa Bainistíochta Féich Tíortha Nua an AE mar chuid d'imeachtaí Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Freisin le linn 2004, sholáthair an NTMA comhairle agus cúnamh do:

- Ciste Pinsin Stáit na Síne
- Údarás Airgeadais Ontario
- Aireacht Airgeadais na Bulgáire
- Oifig Iniúchta Náisiúnta RA
- Rannóg Sócmhainne agus Bainistíochta Dliteanais na hAfraice Theas
- Cúlchiste Pinsean Náisiúnta na Fraince
- Roinn Iompair na Ungáire
- Státchiste an RA

Go dtí seo i 2005, tá comhairle agus cúnamh tugtha do:

- Aireacht Airgeadais na Bulgáire
- Rannóg Sócmhainne agus Bainistíochta Dliteanais na hAfraice Theas
- Státchiste na Tuirce
- Ciste Aoisliúntais na Nua Shéalainne
- Ciste Aoisliúntais an OECD.

Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca

Áirítear leis sin:

- (i) Rialú Airgeadais
- (ii) Próiseáil Idirbhearta
- (iii) Teicneolaíocht Faisnéise
- (iv) Bainistíocht Riosca

Soláthraítear seirbhísí roinnte do ghnóthaí leithleacha an NTMA ar fad, is é sin Bainistíocht Maoinithe agus Fiacha, Cúlchiste Pinsean Náisiúnta, Gníomhaireacht Éileamh an Stáit, Gníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta, agus bainistiú cistí Stáit mar an Ciste Árachais Shóisialaigh, Ciste na gCuntas Díomhaoín agus iasachtaí na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe. Tá comhphunann sócmhainní agus dlíteanas de bhreis is €50 billiún ag na gnóthaí seo le tréach airgid tirim de bhreis is €532 billiún.

Tá éilimh bhreise tagtha le forbairt ghnóthaí an NTMA le roinnt blianta anuas. Chinntigh pleanáil straitéiseach agus shonrach go dearnadh lánpháirtíú iomlán ar fhorbairt leanúnach na ngnóthaí sin le líonra cuimsitheach córas agus rialaithe an NTMA. Sa timpeallacht ghnó nua-aimseartha tá tábhacht mhór le teicneolaíocht faisnéise agus tá córais forbartha agus seachadta chun tacaíocht a thabhairt do na gnóthaí mar is cuí.

Féachann an NTMA le riosca a rialú agus a bhainistiú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde, agus déanann sé nuashonrú leanúnach agus cuireann sé lena chleachtais bhainistíochta riosca chun athruithe ina ghnó, margaí, táirgí a léiriú chomh maith le deachleachtas atá ag athrú.

Rialú Airgeadais

Is é an phríomhfhreagracht atá ar Rialú Airgeadais ná a chinntiú go gcomhlánaítear tuarascálacha cuntasáochta gach gnó laistigh de na spriocanna reachtúla. I ndáiríre tá an sainchúram i bhfad níos leithne, mar cuid thábhachtach den ról atá acu ná timpeallacht rialaithe láidir a fhorbairt agus a chothú, eolas bainistíochta caoithiúil a sholáthar do na gnóthaí agus cabhrú leis an eagraíocht fás agus forbairt. Tá athrú mór tagtha ar an NTMA le blianta anuas le gnóthaí nua á gcur faoina chúram.


Leanann Rialú Airgeadais ag obair le ABN AMRO Mellon, an Coimeádaí Domhanda don Chúlchiste Pinsean Náisiúnta, lena chinntiú go bpleanáiltear agus go bhfeidhmítear gníomhaíochtaí an Chiste go héifeachtach.

Próiseáil Idirbhearta

Tá an réimse sin freagrach as gach sreabhadh airgid i gcás gach gníomhaíochta gnó an NTMA a dhearbhu, a bhainistiú agus a shocrú.

Le linn na bliana, lean an NTMA ag cur le feidhm chóras bainistíochta an chisteáin lárnaigh. Is é cuspóir na hoibre sin próiseáil dhíreach feabhsaithe a bhaint amach agus riosca oibríochta a laghdú.

Mar thoradh ar fhás leanúnach gnó an NTMA le linn 2004 tháinig fás breise ar líon na n-idirbhearta go dtí 34,000 le sreabhadh airgid míosúil ar an meán de €44 billiún.



Teicneolaíocht Faisnéise

Tá aonad Teicneolaíocht Faisnéise freagrach as córais agus bonneagar teicniúil an NTMA a fhorbairt, a shuiteáil agus a chothabháil.

Rinneadh forbairt agus cuireadh córais bhreise i bhfeidhm i 2004 chun freastal ar riachtanais réimsí nua gnó, go háirithe an NPRF agus Gníomhaireacht Éileamh an Stáit áit a leanadh ag rollú amach córas tríú-pháirtí idirlíon-bhunaithe chuig fiontair cúraim sláinte go náisiúnta chun eachtraí cliniúla a thaifeadadh agus chun eolas riosca a sholáthair d'ospidéal agus d'fhiontair cúraim sláinte.

I 2004, cuireadh feabhas breise ar phlean athshlánaithe gnó an NTMA, lena n-áirítear crua earraí agus bog earraí níos fearr a fháil isteach chun príomh chórais inár suíomh lárnach a aisghabháil ar-líne sa chás nach mbíonn fáil ar ár n-áitreabh.

Riosca

Agus bainistiú á dhéanamh ar an bhFiach Náisiúnta agus ar roinnt punann sócmhainní seasta, bíonn ar an NTMA déileáil le riosca margaidh, riosca leachtachta, riosca creidmheasa féideartha agus riosca oibríochta. Is rioscaí iad sin nach féidir a dhíothú. Is é an cuspóir, mar sin, iad a rialú agus a bhainistiú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde.

I gcás riosca margaidh, tá sraith cuimsitheach nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an NTMA chun an tionchar a bhíonn ag gluaiseachtaí i rátaí úis agus i rátaí malartáin coigríche, a chainníochtú agus a bhainistiú, ar bhealach caoithiúil. Áirítear le huirlisí bainistíochta riosca córais chun leochaileacht costais seirbhíse fiacha buiséadaithe a chainníochtú, sa bhliain reatha agus i mblianta amach anseo, chuig gluaiseachtaí i rátaí margaidh.

Baineann rioscaí leachtachta leis an riachtanas atá ann dóthain airgid tirim a bheith ann chun gach dliteanas a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun cinn. Déantar monatóireacht ghníomhach orthu sin agus rialaítear iad. Tá gnáthaimh lárnaigh i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanann an NTMA bainistiú ar chaoithiúlacht agus ar an líon eisiúintí a dhéanamh chun dóthain leachtachta a chinntiú.

Déantar monatóireacht laethúil ar nochaí creidmheasa féideartha a thagann as taiscí a leagan síos, chomh maith le hidirbhearta i ndíorthaigh laistigh de theorainneacha ceadaithe. Tomhaistear na nochaí sin ar bhonn comhiomlána ar fud na bpunann NTMA éagsúla.

Rialaíonn dianpholasaithe agus nósanna imeachta riosca oibríochta a rialaíonn dualgais a íoc agus a roinnt, ag teacht le deachleachtas san earnáil airgeadais. Luíonn an fhreagracht maidir le riosca oibríochta a bhainistiú ar gach aonad gnó agus faigheann sé cabhair ó obair Aonad Rialaithe agus Comhlíonta an NTMA agus an iniúchóra inmheánaigh, PricewaterhouseCoopers.

Tagarmharc Bainistíochta Féich

Léiríonn an Tagarmharc cuspóirí bainistíochta féich meántéarmach an Stáitchiste agus léiríonn sé punann le struchtúr próifíle úis, fad agus aibíochta atá comhsheasmhach le treoirlínte atá leagtha amach ag an Aire Airgeadais.

Glacann an córas bainistíochta feidhmíochta tagarmhairc staideanna airgid carntha chomh maith leis an nglan-luach reatha atá ag gach sreabhadh airgid tirim amach anseo. Ríomhann sé an tionchar atá ag gníomhartha an NTMA ní hamháin sa bhliain atá faoi athbhreithniú, ach freisin a dtionchar fortheilgthe thar saol iomlán an fhiacha. I 2004, rinne PricewaterCoopers iniúchadh ar na torthaí a fuarthas ar thomhais feidhmíochta in aghaidh na Tagarmhairc. Bhain an NTMA €28.4 milliún breisluacha i 2004.

Tá uirlisí bainistíochta riosca forbartha ag an NTMA, ina bhfuil anailís leochaileachta agus Luach ag Riosca. Tomhaiseann na huirlisí sin leochaileacht ráta úis feidhmíochta a bhaineann leis an Tagarmharc. Úsáidtear teorainneacha riosca chun nochtadh feidhmíochta an NTMA a rialú laistigh de raon inghlactha.

Tá córais i bhfeidhm ag an NTMA a thugann deis eolas feidhmíochta sonraithe agus bainistíochta riosca a ríomh go laethúil agus é a chur in iúl go leictreonach dá mbainisteoirí punainne agus don bhainistíocht shinsearach.

Tástáil struis agus siarthástáil

Bíonn Luach ag Riosca agus tomhais leochaileachta bunaithe ar shonraí stairiúla agus ní thugann siad ach le fios an t-uasriosca a d'fhéadfadh tarlú suas go dtí leibhéal muiníne sainmhínithe i ngnáth choinníollacha margaidh. Úsáidtear tástálacha struis chun cur leis na tomhais sin tríd an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an mbuiséad seirbhíse fiacha agus ar fheidhmíocht Tagarmhairc an NTMA a d'fhéadfadh tarlú faoi choinníollacha margaidh tromchúiseacha a mheas.

Úsáidtear siarthástáil chomh maith chun cumhacht réamhaisnéise an tsamhail Luach ag Riosca a fhíorú. Faoin bpróiseas sin, cuirtear feidhmíocht iarbhir i gcomparáid leis na meastacháin a bhí réamhdhéanta faoin tsamhail Luach ag Riosca.

Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca ar lean

Iniúchadh

De réir ceangaltais reachtúla, leanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ag déanamh iniúchadh ar an NTMA. Ag teacht leis na caighdeán is fearr de rialú corparáide, tá feidhm iniúchta inmheánach i bhfeidhm ag an NTMA ó bunaíodh é. Cuireann comhlacht iniúcháirí seachtrach leis an obair sin, a dhéanann obair iniúchta inmheánach. Le linn 2004, réachtáil an NTMA próiseas tairisceana iomaíoch faoi rialacha Tairisceana an AE chun iniúcháir inmheánach a roghnú agus a cheapadh; athcheapadh PricewaterhouseCoopers.

Braitheann córas rialaithe inmheánach an NTMA ar neamhspleáchas eagraíochta dian ar na feidhmeanna monatóireachta agus rialaithe, ar roinnt dualgas agus ar prionsabail déantóra/seiceála a chur i bhfeidhm i ndáil le

gach gníomhaíochta. Is uirlis thacaíochta é an iniúchadh inmheánach do bhainistíocht an NTMA ó thaobh cuspóirí gnó a bhaint amach agus ag an am céanna ag cur luach leis agus ag féachaint chun oibríochtaí agus nósanna imeachta a fheabhsú an t-am ar fad.

Tá tuarascálacha sásúla faighte ag an NTMA maidir lena gnó óna cuid iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha i leith 2004.

Le linn 2004, lean an NTMA ag tacú le hobair Choiste Iniúchta an NTMA agus le hobair Choiste Iniúchta an NPRF. Rinne na Coistí Iniúchta sin athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe a bhí ag an NTMA agus ag soláthraithe seirbhíse eile trí chruinnithe le bainistíocht, le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus leis an Iniúcháir Inmheánach.

Gnóthaí Dlí agus Corparáideacha

Dlí

Soláthraíonn an tseirbhís dlí inti comhairle maidir le gach ceann d'fheidhmeanna an NTMA. Áirítear leis sin Bainistíocht Maoinithe agus Fiacha, Príomh sheirbhísí an Státhiste, Gníomhaireacht Éileamh an Stáit, An Ghníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta agus An Cúlchiste Pinsean Náisiúnta.

Soláthraítear comhairle dlí ar ábhair thráchtála agus chonartha lena mbíonn baint ag an NTMA lena n-áirítear idirbhearta maoinithe a dhoiciméadú, seirbhís a phlé agus comhaontuithe soláthair agus cáipéis soláthair a dhréachtú.

Le linn 2004, sholáthair an t-aonad dlí comhairle ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta maidir le réimse ábhar lena n-áirítear tuairimí maoinithe, cáipéisí maoinithe agus dlí agus nósanna imeachta soláthair poiblí agus sholáthair sé comhairle don Chúlchiste Pinsean Náisiúnta ar réimse saincheistean soláthair poiblí a bhaineann le bainisteoirí infheistíochta agus comhairleoirí speisialta a cheapadh. Le gairid, thug an t-aonad dlí faoi bhainistíocht dúthracht dlí dlite do chlár infheistíochta maoine an Chiste. Soláthraíodh comhairle do na ceithre bhord a bhain leis an NTMA ar rialacha agus nósanna imeachta an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí a chur i bhfeidhm dóibh.

I measc na n-ábhar eile a déileáladh leo bhí comhairle ar cheangaltas reachtúla agus rialúcháin agus a chinntiú go gcomhlíontar rialacha iompair gairmiúil sna réimsí a bhaineann le rúndacht, coinbhleacht leasa agus nósanna imeachta eile a bhaineann le dea-chleachtas agus eitice.

Acmhainní Daonna

Mar thoradh ar fhorbairt gnóthaí an NTMA, go háirithe an Cúlchiste Pinsean Náisiúnta, Gníomhaireacht Éileamh an Stáit agus An Ghníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta theastaigh foireann bhreise nua le heolas speisialta atá oiriúnach de gach ceann de na gníomhaíochtaí seo. I Meitheamh 2005, ba ionann an líon foirne a bhí fostaithe agus 98 agus táthar ag súil go n-ardóidh sé sin faoi dheireadh na bliana mar thoradh ar bhreis freagrachtaí a bheith ag an NTMA.

Tá tábhacht ollmhór le sláinte fostaithe agus saincheistean leasa. Is é polasaí an NTMA é sláinte agus leas na foirne a chosaint trí thimpeallacht oibre sábháilte agus sláintiúil a chothabháil ag teacht lena Ráiteas Sábháilteachta.



Ráitis Airgeadais

Ráitis airgeadais ullmhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir ailt 12 den acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990

1. Fiach Náisiúnta na hÉireann
2. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin
3. Ciste Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist
4. Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla
5. Cuntas Luath-úis na nlasachtaí Náisiúnta
6. Cuntas (Foirceannadh) na nlasachtaí Náisiúnta
7. Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Neamh-Éalaithe)
8. Cuntas Infheistíochta na nAirgead Taisce
9. Cuntas ar Stoc Glactha mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis
10. Cúlchiste na Mion-Choigilteas
11. Gníomhaireacht Éileamh an Stáit
12. Ciste na gCuntas Díomhaoin

Ráitis Airgeadais d'Fhiach Náisiúnta na hÉireann

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 Nollaig 2004

Clár Ábhair

Ráiteas ar Chúraimí na Gníomhaireachta	53
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	54
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	56
Polasaithe Cuntasaíochta	57
Ráiteas ar Sheirbhísiú an Fhéich	58
Ráiteas ar Fhiach Náisiúnta	59
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	60
Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiach Náisiúnta	61
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	62 – 68
Cuntais Eile NTMA	69 – 132

Ráiteas ar Chúraimí na Gníomhaireachta


Ní mór don Ghníomhaireacht, faoi réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil lena feidhmiú i gcomhair gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á ullmhú, ní foláir don Ghníomhaireacht:

- polasaithe cuntasáíochta feiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar réasúnach agus stuama iad;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura míchuí é;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as gach cuntas ceart agus coitianta a choiméad, ina leithéid de fhoirm agus atá formheasta ag an Aire, den airgead go léir faighte nó caite aici; agus as taifid chuntasaíochta a choiméad ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na Gníomhaireachta, a cistí agus an fiach náisiúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina rialú a chosaint, agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2005

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Freagracht as Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Aithním, thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an fhreagracht as cinntiú go gcoiméadtar agus go bhfeidhmítear córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go bhfuil siad aitheanta laistigh de thréimhse thráthúil.

Príomh Ghnáthaimh Rialaithe

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tar éis glacadh le céimeanna chun timpeallacht rialaithe iomchuí a chinntiú trí:

- chúraimí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ghnáthaimh fhoirmiúla a bhunú do theipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus trí ghníomh ceartaithe iomchuí a chinntiú;
- Choiste Iniúchta a bhunú chun comhairle a chur orm um fheidhmiú m'fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tar éis próisis a bhunú chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí:

- bhunbhrí, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- chumas an chomhlachta chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialacháin faoi leith a mheas i leith an leasa bainte astu.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach d'eolas rialta bainistíochta, ar ghnáthaimh riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas, agus ar chóras tarmलगin agus freagrachta. Áirítear ann ach go háirithe:


- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an bPríomhfheidhmeannach leis an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamh-mheastacháin;
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlinnte sainithe go soiléir ar infheistíocht chaipitil a rialú;
- disciplíní foirmiúla ar bhainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a oibríonn de réir Chreat Chóid Dea-Chleachtais leagtha amach sa Chód Cleachtais ar an Rialachas de Chomhlachtaí Stáit. Tá obair an iniúchta inmheánaigh curtha ar an eolas trí anailís den riosca atá os comhair na Gníomhaireachta, agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís seo. Bíonn an anailís ar rioscaí agus na pleananna iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag an bPríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí agus formheasta ag Coiste Iniúchta an NTMA. Soláthraíonn an tIniúcháir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh do lucht bainistíochta Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus do Choiste Iniúchta an NTMA, go bliantúil ar a laghad. Áirítear leis an tuarascáil tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar chumas agus éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Cuireann an t-iniúcháir inmheánach Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar an eolas, maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh, mar aon leis na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Gníomhaireacht a bhfuil freagracht acu as an gcreatlach rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus tráchtanna an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Iniúcháir Ghinearálta ina litir bainistíochta nó tuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Deimhním, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004, go ndearna mé, mar Phríomhfheidhmeannach, tar éis dom comhairle a ghlacadh ó Choiste Iniúchta an NTMA, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2005

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 57 go dtí 79 iniúchta agam faoi Alt 12 den Acht Um Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasáíochta na Gníomhaireachta leagtha amach ar leathanach 53. Tá sé de fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanaigh 54 agus 55 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léiritear ann gur chomhlíon an Gníomhaireacht treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Gníomhaireacht amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh agus agus a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil leis an mbealach a bhainistítear agus a oibrítear na comhlachtaí sin.

Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasáíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an nGníomhaireacht agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas ceart ar thorthaí oibríochtaí na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004 agus ar a hiarmhéideanna ar an dáta sin.



John Purcell

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

20 Meitheamh 2005

Polasaithe Cuntasaíochta

Cúlra

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhmiú a dhéanamh ar iasachtaí agus Bainistiú Fhéich Náisiúnta ar son an Aire Airgeadais agus feidhmeanna eile dá leithéid faoi mar a fhéadann an Rialtas a tharmligean di.

Is do Fhiach Náisiúnta na hÉireann atá na ráitis airgeadais atá leagtha amach ar leathanaigh 58 go 68. Thug an tAire Airgeadais ceadú d'fhoirm na ráiteas faoi réir Ailt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Bunús na Cuntasaíochta

Is é an costas stairiúil an bonn tomhais lena nglactar, mura léirítear a mhalairt. Aithnítear idirbhearta ar baint úsáid as bunús airgid na cuntasaíochta.

Is ráiteas é an Ráiteas ar Fhiach Náisiúnta ar mhéideanna iomlána príomhshuime tógtha ar iasacht ag Éire nach raibh aisíochta ag deireadh na bliana, lúide sócmhainní leachtacha atá ar fáil le haghaidh fuascailte na ndliteanas sin ag an dáta céanna. Ráthaíonn an tAire Airgeadais, faoi reachtanna éagsúla, iasachtaí a thógann gníomhaireachtaí Stáit agus eile amach. Níl na ráthaíochtaí seo san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

Tréimhse Tuairiscithe

Is don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004 atá an tréimhse tuairiscithe.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an EURO an t-airgeadra tuairiscithe, arb í an tsiombail € an sainchomhartha dó.

Fáltais agus Íocaíochtaí

Taifeadtar fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFiach Náisiúnta tríd an gCuntas Stáitchiste, trí Chuntais Imreítigh Airgeadra Eachtraigh agus trí Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CSRA) ag an tráth ina bhfaightear an t-airgead nó ag a ndéantar an íocaíocht.

Dliteanas a Luacháil

Taifeadtar iarmhéideanna féich ag luach cothrom infhuascailte.

Díorthaigh

Téitear i mbun comhaontuithe malartaithe agus ionstraimí airgeadais eile d'fhonn ceannach roimh ré mar chuid den phróiseas chun an Fiach Náisiúnta a bhainistiú. Aithnítear torthaí na ngníomhaíochtaí ceannach roimh ré seo a nasctar le hidirbhearta iasachta saineúla de réir na n-idirbheart faoina mbun. Áirítear an glansreabhadh maoinithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach nasctar le hidirbhearta iasachta saineúla le costais seirbhísithe féich ag an tráth ina bhfaightear an maoiniú nó nuair ina ndéantar an íocaíocht. San áit a chuirtear críoch le malartuithe agus go n-aistrítear iad ina n-ionstraimí malartaithe eile, téann an sreabhadh maoinithe i bhfeidhm ar sheirbhísí na bhfiach de réir théarmaí na hionstraime athbhreithnithe.

Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadraí eachtracha i Euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Aistrítear fiachais agus sócmhainní in airgeadraí eachtracha i Euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí deiridh na bliana.


Ráiteas ar Sheirbhísiú an Fhéich

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

		2004	2003
		Costas iomlán	Costas iomlán
	Nótaí	€'000	€'000
Ús íoctha			
Fiach Meántéarmach/Fadtéarmach*	2	1,211,498	1,143,698
Fiach Gearrthéarmach**	3	116,212	192,626
Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta	4, 9	392,504	441,439
 Gluaiseachtaí Eile	5	16,104	37,119
 Íocaíochtaí don Chiste Fiachmhúchta	6	489,529	479,774
 Táillí agus Costais	7	17,589	17,775
Costais NTMA		18,893	14,947
 An t-ús faighte ar thaiscí leis an mBanc Ceannais agus le bainc eile		(59,015)	(50,640)
 Costas Seirbhíse Iomlán	1	2,203,314	2,276,738

* Is Fiach é an Fiach Meántéarmach/Fadtéarmach le haibíocht bhunúsach de bhreis agus bliain amháin

** Is Fiach é an Fiach Gearrthéarmach le haibíocht bhunaidh nach mó ná bliain amháin í



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2005

Tá na nótaí ar leathanaigh 62 go 68 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.


Ráiteas ar Fhiach Náisiúnta

31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 € milliún	2003 € milliún
Fiach Meántéarmach/Fadtéarmach *			
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar			
Stocmhalartán na hÉireann		31,260	28,130
Eisiúintí Banna Poiblí Eile ag			
Rialtas na hÉireann		37	191
Lonnúcháin Phríobháideacha		36	59
Íasachtaí ón mBanc			
Eorpach Infheistíochta		120	178
Nótaí Meántearma		377	501
Fiach Ilghnéitheach		34	158
	8	31,864	29,217
Fiach Gearrthéarmach **			
Páipéar Tráchtála	307	2,801	
Íasachtaí ó Chistí			
faoi rialú an Aire Airgeadais	15	3,220	2,987
		3,527	5,788
Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta			
Teastais Choigiltis	2,196	2,262	
Bannaí Coigiltis	1,429	1,207	
Coigiltas Tráthchoda Náisiúnta	385	405	
Stampaí Coigiltis	2	2	
Duaisbhannaí	506	454	
	9	4,518	4,330
		39,909	39,335
Lúide Sócmhainní Leachtacha	10	(2,063)	(1,725)
Fiach Náisiúnta	12	37,846	37,610

* Is é Fiach Meántéarmach/Fadtéarmach ná Fiach le haibíocht bhunúsach de níos mó ná bliain amháin

** Is é Fiach Gearrthéarmach ná Fiach le haibíocht bhunúsach nach mó ná bliain amháin i



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2005


Tá na nótaí ar leathanaigh 62 go 68 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

	2004 €'000	2003 €'000
Gluaiseacht in iarmhéideanna an Stáitchiste:		
Iarmhéid Tosaigh i gCuntas an Stáitchiste (nóta 10)	1,724,208	1,529,536
Taiscí Tráchtála	0	0
Gníomhaíocht lasachta (féach thíos)	305,163	1,173,692
	2,029,371	2,703,228
Farasbarr/(Easnamh) Stáitchiste	32,927	(979,020)
Iarmhéid Deiridh i gCuntas an Stáitchiste (nóta 10)	2,062,298	1,724,208

	Fáltais €'000	Íocaíochtaí €'000	2004 Glan €'000	2003 Glan €'000
Gníomhaíocht Eachtrach				
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar				
Stocmhálartán na hÉireann	31,515,344	(28,640,311)	2,875,033	5,780,433
Eisiúintí Banna Poiblí Eile ag Rialtas na hÉireann	-	(153,626)	(153,626)	(625,400)
Lonnúcháin Phríobháideacha	-	(23,004)	(23,004)	(563,560)
Iasachtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta	-	(59,862)	(59,862)	(77,719)
Nótaí Meántéarmacha	-	(111,508)	(111,508)	(192,848)
Fiach Ilghnéitheach	473,801	(473,891)	(90)	(371,810)
Páipéar Tráchtála	104,530,160	(107,173,283)	(2,643,123)	(2,993,379)
Teastais Choigiltis	422,604	(488,449)	(65,845)	(89,128)
Bannaí Coigiltis	505,060	(283,208)	221,852	163,143
Coigilteas Náisiúnta Tráthchoda	72,351	(92,319)	(19,968)	(22,127)
Duaisbhannaí	126,778	(74,554)	52,224	79,395
Iasachtaí ó Chistí Aireachta	78,567,034	(78,333,954)	233,080	86,692
Gníomhaíocht Iasachta Iomlán	216,213,132	(215,907,969)	305,163	1,173,692
Gníomhaíocht Taisce Tráchtála	36,374,703	(36,374,703)	-	-
Gníomhaíocht Iomlán	252,587,835	252,282,672	305,163	1,173,692
Cuntas an Stáitchiste	247,952,177	(246,002,626)	1,949,551	2,531,763
Cuntais Imreítigh				
Airgeadra Eachtraigh (Nóta 14)	4,635,658	(6,280,046)	(1,644,388)	(1,358,071)
	<u>252,587,835</u>	<u>(252,282,672)</u>	<u>305,163</u>	<u>1,173,692</u>



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


15 Meitheamh 2005

Tá na nótaí ar leathanaigh 62 go 68 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiach Náisiúnta

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

	2004 €'000	2003 €'000
Fiach Náisiúnta Tosaigh	37,610,182	36,360,533
Méadú/(Laghdú) san Fhiach Náisiúnta (ainmniúil)	<u>235,987</u>	<u>1,249,649</u>
Léirithe ag:		
(Farasbarr)/Easnamh sa Státchiste	(32,927)	979,020
Éifeacht na nGluaiseachtaí sa Ráta Malairte Eachtraigh	14,152	(6,859)
Tráinsiú Bannaí: laghdú glan (farasbarr) i bhfáltais thar dliteanas ainmniúil	(962,866)	(66,942)
Cealúcháin Bhannaí: laghdú glan (farasbarr) i gcostais chealúcháin thar dliteanas ainmniúil	1,217,747	94,558
Gluaiseacht in iarmhéid reatha an CSRA (nóta 10)	(114)	249,916
Gluaiseachtaí ainmniúla eile	(5)	(44)
	<u>235,987</u>	<u>1,249,649</u>
Fiach Náisiúnta Deiridh	37,846,169	37,610,182



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
15 Meitheamh 2005

Tá na nótaí ar leathanaigh 62 go 68 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

1. Costas Seirbhíse Iomlán

		Gearrtha ar Chuntais Imreítigh	Gearrtha ar an gCiste Lárnach	Gearrtha ar CSRA	Costas Seirbhíse Iomlán 2004
	Nótaí	Airgeadra Eachtraigh €'000	€'000	€ 000	€'000
Ús íoctha					
Fiach Meántéarmach/ Fadtéarmach	2	27,373	204,795	979,330	1,211,498
Fiach Gearrthéarmach	3	21,298	64,510	30,404	116,212
Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta	4	-	(45,203)	437,707	392,504
Gluaiseachtaí Eile	5	(1,694,476)	1,678,321	32,259	16,104
Íocaíochtaí don Chiste Fiachmhúchta	6	-	-	489,529	489,529
Táillí agus Costais	7	392	17,197	-	17,589
Costais NTMA		1,025	17,868	-	18,893
An t-ús faighte ar thaiscís leis an mBanc Ceannais agus le bainc eile		-	-	(59,015)	(59,015)
		(1,644,388)	1,937,488	1,910,214	2,203,314
Gluaiseacht Idir-Chuntais		-	1,910,328	(1,910,328)	-
Airgead glan íoctha		(1,644,388)	3,847,816	(114)	2,203,314

2. Ús ar Fhiach Meántéarmach/Fadtéarmach

	Costas Iomlán 2004 €'000	Costas Iomlán 2003 €'000
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar		
Stocmhalartán na hÉireann	1,167,267	979,457
Eisiúintí Banna Poiblí Eile ag Rialtas na hÉireann	13,272	58,176
Lonnúcháin Phríobháideacha	2,898	43,497
Iasachtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta	12,196	17,546
Nótaí Meántéarmacha	22,945	33,187
Fiacha Ilghnéitheach	(7,080)	11,835
	<u>1,211,498</u>	<u>1,143,698</u>

3. Ús ar Fhiach Gearrthéarmach

	Costas Iomlán 2004 €'000	Costas Iomlán 2003 €'000
Páipéar Tráchtála	63,768	144,772
Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais	52,444	47,854
	<u>116,212</u>	<u>192,626</u>

4. Ús ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta

	Costas Iomlán 2004 €'000	Costas Iomlán 2003 €'000
Teastais Choigiltis	392,888	359,126
Bannaí Coigiltis	46,174	57,568
Coigilteas Tráthchoda Náisiúnta	42,195	52,879
Duaiseanna i ndáil le Duaisbhannaí	11,247	10,827
Cúlchiste na Mion-Choigilteas (nóta 9)	(100,000)	(38,961)
	<u>392,504</u>	<u>441,439</u>

Áirítear leis na hÍocaíochtaí d'Ús ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta sa bhliain 2004 aistriúcháin chuig Ciste na gCuntas Díomhain i ndáil le hús carntha caipitlithe ar chuntais áirithe measta mar dhíomhain ag An Post faoi réir Acht na gCuntas Díomhain 2001. Is iad seo a leanas na suimeanna úis glana a aistríodh i 2004:

	€'000
Teastais Choigiltis	(2,871)
Bannaí Coigiltis	336
Coigilteas Tráthchoda Náisiúnta	846
	<u>(1,689)</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

5. Gluaiseachtaí Eile

Téann an NTMA, mar chuid dá sainchúram, i ngleic le réimse idirbhearta um bainistiú fiach lena n-áirítear díorthaigh. (Féach nóta 11) Freagraíonn an figiúr seo do ghlanreabhadh airgid ar gaolmhar leis na gníomhaíochtaí seo iad.

6. Íocaíochtaí Chisté Fiachmhúchta

Faoi réir an Achta Airgeadais 1950 soláthraíodh suimeanna sonraithe d'fhuascailt fhéich. Ba iad seo a leanas na suimeanna a soláthraíodh agus a feidhmíodh i 2004:

	2004 €'000
Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (Nóta 13)	489,529
	<u>489,529</u>

7. Táillí agus Costais

	Costas Iomlán 2004 €'000	Costas Iomlán 2003 €'000
Costais Teastais Choigiltis	4,006	3,916
Costais Duaisbhannaí	6,896	6,426
Costais Bhannaí Coigiltis	2,298	2,077
Costais Choigiltis Tráthchoda Náisiúnta	2,502	2,581
Costais Stampaí Coigiltis	1,042	1,042
Costais Iasachtaí Eachtracha	845	1,733
	<u>17,589</u>	<u>17,775</u>

8. Fiach Meántéarmach/Fadtéarmach

Is é seo a leanas próifíl aibíochta an Fhéich Mheántearmaigh/Fhadtéarmaigh, ag tabhairt faoi deara na hidirbhearta bainistíochta státhchiste a chuaigh an Ghníomhaireacht faoina mbun:

	Amhail ag 31 Nollaig 2004 € milliúin	Amhail ag 31 Nollaig 2003 € milliúin
An Fiach dlíte lena aisíoc laistigh de 1 bliain	1,632	723
An Fiach dlíte lena aisíoc idir 2 agus 5 bliana	11,441	8,318
An Fiach dlíte lena aisíoc tar éis níos mó ná 5 bliana	18,791	20,176
	<u>31,864</u>	<u>29,217</u>

9. Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta

Tá na suimeanna taispeánta maidir le Teastais Choigiltis, Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta, Bannaí Coigiltis agus Duaisbhannaí; glan ar €4.4 milliún (2003: €4.8 milliún) ar iarmhéideanna airgid i seilbh An Post, TSB Bank agus Chomhlacht na nDuaisbhannaí iad. Is iad An Post agus Comhlacht na nDuaisbhannaí a fheidhmíonn mar an cláraitheoirí do na scéimeanna faoi seach.

Óir go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhunús airgid, ní áirítear leis na fiachais an tsuim de €1,749 milliún (2003: €2,008 milliún), arb é an meastachán d'ús fabhráithe ar 31 Nollaig 2004 i ndáil le Bannaí Coigiltis, Teastais Choigiltis agus Coigilteas Tráthchoda Náisiúnta.

D'fhoráil alt 160 den Acht Airgeadais 1994 don bhunú de chiste ar a dtugtar Cúlchiste na Mion-Choigilteas. D'fhoráil sé do €76 milliún a bheith íoctha isteach sa chiste i 1994 agus do shuimeanna dá leithéid i ngach aon bhliain ina dhiaidh sin, más ann dóibh, de réir mar a fhéadann an tAire Airgeadais a bheartú. Sa chás in aon bhliain fhéilire go sáraíonn íocaíocht úis ar airgeadú na mion-choigilteas 11 faoin gcéad den ús fabhráithe ar na coigiltis sin ag deireadh na bliana féilire díreach roimhe sin, d'fhéadfaí acmhainní an chiste a fheidhmiú ar shásamh na híocaíochtaí úis sin, a sháraíonn, mar chéatadán den ús iomlán fabhráithe céanna, 11 faoin gcéad. Ba é 19.55 faoin gcéad den ús fabhráithe ag 31 Nollaig 2003, de €2,008m, costas iarbhír an úis don bhliain 2004. Bheartaigh an tAire go n-aistarraingeofaí méid glan de €100m ón gciste i 2004.

		€ milliún
Ús fabhráithe measta ar 31 Nollaig 2004		1,749
larmhéid ar 1 Eanáir 2004	(1,069)	
An méid a cuireadh i bhfeidhm i rith 2004	100	
larmhéid ar 31 Nollaig 2004 (Nóta 15)		(969)
Ús fabhráithe measta nár foráladh dó ar 31 Nollaig 2004		780

Aistrítear an iarmhéid sa Chiste chuig an Stáitchiste mar chuid de na hiasachtaí ó chistí faoi rialú an Aire Airgeadais.

10. Sócmhainní Leachtacha

	larmhéid tosaigh Ar 1 Eanáir 2004 €'000	Gluaiseachtaí i rith 2004 €'000	larmhéid deiridh ag 31 Nollaig 2004 €'000
Cuntas Stáitchiste	1,724,208	338,090	2,062,298
Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla			
larmhéid Reatha (nóta 13)	771	114	885
	<u>1,724,979</u>	<u>338,204</u>	<u>2,063,183</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

11. Díorthaigh

Cuireann freagracht na Gníomhaireachta as fiach nua a eisiúint agus as fiach aibí a aisíoc araon, in éineacht leis an ráta úis agus próifíl airgeadra na punainne féich iomlán a bhainistiú; bainistíocht riosca mar bhuntréith lárnach rí-thábhachtach de ghnó na Gníomhaireachta. Is iad na príomh chatagóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíochta na Gníomhaireachta ná riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa frithpháirte agus riosca oibríochta. Bíonn polasaithe agus gnáthaimh chuimsitheachta ag an nGníomhaireachta i ngach aon cheann de na réimsí seo chun an riosca ábhartha a thomhas agus a rialú.

Riachtanas mór don Ghníomhaireacht ná a chinntiú gur féidir riachtanais mhaoinithe don todhchaí a shásamh go réidh i gcónaí. Is é an tasc is rí-thábhachtaí don Ghníomhaireacht faoi dheireadh thiar ná cosaint na leachtachta. Is féidir le rioscaí do leachtacht an Fhéich Náisiúnta teacht aníos ó eachtraí sa tír seo nó, i bhfianaise an leibhéil aird de naisc idir margaí, ó eachtraí lasmuigh d'Éirinn. Bainistíonn an Ghníomhaireacht an riosca seo go príomha trí mhéid na ndlíteanas a éiríonn aibí in aon tréimhse ama faoi leith a rialú. Treisíonn gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta leis seo, ag leanúint ar aghaidh le forbairt de bhonn infheisteoirí idirnáisiúnta ar eolach éagsúlaithe iad, trína láithreacha a chothabháil i ngach aon mhargadh caipitiúil agus trí raon na n-ionstraimí féich a eisiúint sí a shíneadh.

Is é an riosca margaidh an riosca d'ardú i gcostais sheirbhísithe an fhéich agus i margadhluach iomlán an fhéich de bharr athruithe sna rátaí úis nó malairte margaidh. Caitheann an Ghníomhaireacht aird a dhíriú ar chuspóirí meántéarmacha agus gearrthéarmacha araon, ní hamháin i leith a thasc chun costais sheirbhísithe na bhfiach físcach garthéarmach a rialú, ach chun luach reatha gach íocaíocht príomhshuime agus úis sa todhchaí a rialú freisin. Bíonn iasachtaí ráta úis seasta faoi réir riosca luachála margaidh sa chás go dtagann meath ar rátaí úis. Cé go mbíonn níos lú rioscaí luachála margaidh acu ná fiach ráta seasta, bíonn riosca níos airde ag iasachtaí ar ráta foluaineach don chostas físcach garthéarmach a bhaineann le seirbhísiú an fhéich. Caithfear an fuilleach idir fiachais ráta seasta agus ráta foluainigh a bhainistiú do phunanna in airgeadraí baile agus eachtracha araon. Rialaítear an nochtadh i leith riosca ráta úis agus airgeadra trí chomhchruinniú airgeadra agus ráta úis na punainne a theorannú. Bíonn teorainneacha cainníochta faoi leith ar bun chun riosca margaidh a rialú, tuairiscítear ar nochtadh i gcoinne na dteorainneacha seo go rialta chuig bainisteoirí punainne agus lucht bainistíochta sinsearach araon. Féachann an Ghníomhaireacht leis an margadh is fearr a fháil idir costas agus riosca thar am. Déantar athmheasúnú ar ráta úis agus próifíl airgeadra iomchuí na punainne de réir mar a athraíonn na margaí airgeadais.

Tagann nochtadh do riosca creidmheasa frithpháirtí aníos ó dhíorthaigh, thaiscí agus idirbhearta malairte eachtracha. Íoslaghdaítear leibhéal an riosca creidmheasa trí phlé le frithpháirtithe de sheasamh ard-chreidmheasa amháin. Forálann na gnáthaimh do cheadú na dteorainneacha riosca do gach frithpháirtí agus tuairiscítear nochtadh go laethúil chuig an lucht bainistíochta. Téitear i mbun athbhreithnithe ar gach teorainn go tréimhsiúil chun athruithe i seasamh creidmheasa na bhfrithpháirtithe nó in eachtraí eacnamaíochta agus polaitiúla a chur san áireamh.

Táthar tar éis rialacháin chuimsitheacha a bhunú lena chinntiú go mbainistítear riosca oibríochta ar bhealach stuama. Áirítear leis na rialacháin seo deighilt na ndualgas idir an plé, an phróiseáil, na híocaíochtaí agus an tuairisciú.

Mar chuid dá straitéis bainistíochta riosca is ea a úsáideann an Ghníomhaireacht teaghlaim de dhíorthaigh lena n-áirítear malartuithe ráta úis, malartuithe airgeadra agus conarthaí malairte eachtracha. Taispeánann an tábla seo a leanas an luach ainmniúil de na hionstraimí a úsáidtear agus a luach reatha.

	31 Nollaig 2004		31 Nollaig 2003	
	Ainmniúil	Luach Reatha	Ainmniúil	Luach Reatha
	€ milliún	€ milliún	€ milliún	€ milliún
Malartuithe Ráta Úis	1,292	(38)	2,019	(36)
Malartuithe Aigeadra agus Conarthaí				
Malairte Eachtraigh	896	(2)	3,832	(85)
	<u>2,188</u>	<u>(40)</u>	<u>5,851</u>	<u>(121)</u>

Cinntear Luach Reatha ionstraime trí ráta iomchuí úis a úsáid chun gach sreabhadh airgid dá chuid sa todhchaí a lascaíniú dá luach reatha.

12. Fiach Náisiúnta

Is é seo a leanas comhdhéanamh airgeadra an Fhéich Náisiúnta, ag tógáil idirbhearta bainistíochta stáitchiste san áireamh, a ndéachaigh an Ghníomhaireacht faoina mbun:

	Amhail ag 31 Nollaig 2004	Amhail ag 31 Nollaig 2003
	€ milliúin	€ milliúin
Euro*	37,848	37,624
Steirling	-	(2)
Dollar SAM	(2)	1
Franc na hEilvéise	-	-
Yen na Seapáine	-	(3)
Dollar Hong Cong	-	-
Krona na hIorua	-	(10)
	<u>37,846</u>	<u>37,610</u>

* Tá an figiúr seo glan ar shócmhainní leachtacha amhail ar 31 Nollaig 2004 €2,063m (31 Nollaig 2003 €1,725m)

13. Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Baintear úsáid as an gcuntas chun taifead a dhéanamh ar;

- íocaíochtaí úis agus príomhshuime lasmuigh de bhlianacht bhliantúil a dheartar le hiasachtaí a amúchadh don chaipiteal vótáilte faoi alt 22 (7) den Acht Airgeadais, 1950.
- fháltais agus íocaíochtaí áirithe a eascraíonn as seirbhísíú fhiach agus idirbhearta bainistíochta fhéich arna n-údarú ag alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1988 agus alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

14. Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

	€'000	
larmhéid ar 1 Eanáir 2004	NEAMHNÍ	
Suimeanna faighte faoin Acht Airgeadais 1988 [S67 (8)]	8,515,672	
Suimeanna íoctha faoin Acht Airgeadais 1970 [S54 (7)]	(6,821,196)	1,694,476
Fáltais um lasachtaí in Airgeadra Eachtrach	4,635,658	
Íocaíochtaí um lasachtaí in Airgeadra Eachtrach	(6,280,046)	(1,644,388)
Ús íoctha ar lasachtaí in Airgeadra Eachtrach (nóta 1)		
- Fiach Méantéarmach/ Fadtéarmach	(27,373)	
- Fiach Gearrthéarmach	(21,298)	(48,671)
Costais de lasachtaí in Airgeadra Eachtrach (nóta 1)		(392)
Costais NTMA		(1,025)
larmhéid ar 31 Nollaig 2004	NEAMHNÍ	

15. Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais

Is iasachtaí gearrthéarmacha de chuid an Státchiste iad na cistí seo, a tharraingítear aníos mar “bhealaí agus mheáin” chun riachtanais an Státchiste a mhaoiniú ó roinnt chistí faoi rialú an Aire Airgeadais.

	Amhail ag 31 Nollaig 2004 € milliúin	Amhail ag 31 Nollaig 2003 € milliúin
Ciste Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist	1,009	945
Cúlchiste na Mion-Choigilteas	970	1,069
Ulysses Securitisation plc	306	273
Cuntas Infheistíochta na nAirgead Taisce	935	700
	3,220	2,987

Ráitis Airgeadais de Chuid
Ghníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta - Cuntas Riaracháin

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 Nollaig 2004

Clár Ábhair

Polasaithe Cuntasaíochta	71
Cuntas loncaim agus Caiteachais	72
Clár Comhardaithe	73
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	74 – 79

Polasaithe Cuntasaíochta

Cúlra

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhmiú a dhéanamh ar iasachtaí agus Bainistiú Fhéich Náisiúnta ar son an Aire Airgeadais agus feidhmeanna eile dá leithéid faoi mar a fhéadann an Rialtas a tharmligean di.

Faightear eolas a bhaineann le Fiach Náisiúnta na hÉireann ar leathanaigh 53 go 68. Tá eolas airgeadais faoin nGníomhaireacht féin ar leagtha amach ar leathanaigh 71 go 79.

Faoi réir Ailt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 “Déanfar na caiteachais a thabhoideadh an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh a feidhmeanna a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis agus a íoc amach as sin”.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an EURO an t-airgeadra tuairiscithe, arb í an tsiombail € an sainchomhartha dó.

Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gconbhinsiún costais stairiúil. Tá an tAire Airgeadais tar éis foirm na ráiteas airgeadais a fhormheas, faoi réir Ailt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Sócmhainní Seasta agus Dímhneas

Sloinntear na sócmhainní seasta ag costas lúide dímhneas carntha. Bíonn dímhneas déanta ar na sócmhainní seasta ina dtráthchodanna bliantúla i gcaitheamh a saolta úsáideacha.

Léasú

Gearrtar nithe cíosa faoin léas oibríochta ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhráithe.

Bogearraí

Gearrtar costais bhogearraí ríomhairí ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.


Cuntas Caipitiúil

Léiríonn an cuntas caipitiúil na fáлтаis ón gCiste Lárnach, a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a cheannach. Amúchtar na fáлтаis de réir an dímhneas ar na sócmhainní seasta coibhneasta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €	2003 €
Ioncam			
An Ciste Lárnach	9	18,394,907	14,945,897
Ioncam eile		483,319	322,431
Aistriúchán (chuig)/ó chuntas caipitiúil		(256,144)	(117,177)
		<u>(18,622,082)</u>	<u>15,151,151</u>
Caiteachas	1	18,622,082	(15,151,151)
Ioncam/(caiteachas) glan		<u>NEAMHNÍ</u>	<u>NEAMHNÍ</u>



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


15 Meitheamh 2005

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 74 go 79.

Clár Comhardaithe

31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €'000	2003 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní seasta	2	1,589,739	1,322,614
Sócmhainní Airgeadais	8	25	11,006
Sócmhainní Reatha			
Airgead ag an mbanc agus ar láimh		546,304	121,765
Féichiúnaithe	3	2,388,129	2,592,111
Sócmhainní Reatha Iomlána		<u>2,934,433</u>	<u>2,713,876</u>
Fiachais Reatha			
Creidiúnaithe	4	2,934,433	2,713,876
Sócmhainní Reatha lúide Fiachais Reatha		-	-
Sócmhainní Iomlána lúide Fiachais Reatha		<u>1,589,764</u>	<u>1,333,620</u>
Léiríonn:			
Cuntas caipitiúil	5	1,589,764	1,333,620
		<u>1,589,764</u>	<u>1,333,620</u>



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2005

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 74 go 79.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

31 Nollaig 2004

1. Caiteachas

	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2004	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2004
	€	€
Tuarastail agus aoisliúntas	12,540,213	9,700,837
Costais bhunaithe	1,067,641	1,046,786
Costais oibríochta	4,408,245	3,944,463
Dímheas	598,126	451,208
Amúchadh (Nóta 8)	7,857	7,857
Costais iomlána	<u>18,622,082</u>	<u>15,151,151</u>

2. Sócmhainní Seasta

	Maoín €	Troscán, Trealamh & Mótarfheithiclí €	Iomlán €
Costas:			
larmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2004	1,216,038	3,288,916	4,504,954
Breiseanna ag costas	102,250	828,331	930,581
Diúscairtí	-	(424,865)	(424,865)
larmhéid ar 31 Nollaig 2004	<u>1,318,288</u>	<u>3,692,382</u>	<u>5,010,670</u>
Dímheas carntha:			
larmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2004	784,329	2,398,011	3,182,340
Dímheas don tréimhse	65,914	532,212	598,126
Diúscairtí	-	(359,535)	(359,535)
larmhéid ar 31 Nollaig 2004	<u>850,243</u>	<u>2,570,688</u>	<u>3,420,931</u>
Luach glan de réir na leabhar ar 31 Nollaig 2004	<u>468,045</u>	<u>1,121,694</u>	<u>1,589,739</u>
Luach glan de réir na leabhar ar 31 Nollaig 2003	<u>431,709</u>	<u>890,905</u>	<u>1,322,614</u>

Ríomhtar saoil úsáideacha measta sócmhainní seasta trí thagairt do dhímheas mar seo a leanas:

Maoín	20 bliain
Trealamh & Mótarfheithiclí	2 go 5 bliain
Trealamh	10 bliain

Tá an maoín ar léas faoi léas fadtéarmach, atá faoi réir athbhreithnithe cíosa. Is é an cíós bliantúil reatha ná €861,866 in aghaidh na bliana.

3. Féichiúnaithe

	2004	2003
	€	€
Ciste Lárnach	540,430	1,008,488
Réamh-íocaíochtaí	848,339	702,154
Féichiúnaithe eile	999,360	881,469
	<u>2,388,129</u>	<u>2,592,111</u>

4. Creidiúnaithe

	2004	2003
	€	€
Creidiúnaithe	777,940	607,921
Fabhruithe	2,156,493	2,105,955
	<u>2,934,433</u>	<u>2,713,876</u>

5. Cuntas Caipitiúil

	2004	2003
	€	€
Iarmhéid tosaigh	1,333,620	1,216,443
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Maoiniú Sócmhainní		
- Sócmhainní Seasta	930,582	
- Aisíocaíocht Shócmhainní Airgeadais (nóta 8)	<u>(3,125)</u>	927,457
Amúchadh ar mhaoiniú caipitiúil		
- Amúchadh ag teacht le dímheas	(598,126)	
- Méid glan scaoilte ar dhiúscairt sócmhainní	(65,330)	
- Amúchadh Shócmhainní Airgeadais	<u>(7,857)</u>	<u>(671,313)</u>
	256,144	117,177
Iarmhéid deiridh	<u>1,589,764</u>	<u>1,333,620</u>

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais ar lean

31 Nollaig 2004

6. Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí aoisliúntais ar an bhfoireann faoi scéim aoisliúntais sochair sainmhínithe a bunaíodh faoi Alt 8 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Tá teidlíochtaí an Phríomhfheidhmeannaigh soláthartha faoina chonradh seirbhíse. Aistrítear ranníocaíochtaí, lena n-áirítear cinn a dhéanann foireann a roghnaigh socruithe sochair spleácha, chuig ciste a ndéantar bainistiú air go seachtrach. Cinntear ranníocaíocht na Gníomhaireachta ar chomhairle achtúire neamhspleách agus tá sé socraithe faoi láthair ag 25% den phárolla. Ba ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004 agus €3,409,910 (2003: €1,253,582) chuig an scéim sochair sainmhínithe. Áiríodh leis an suim seo de €3,409,910 ranníocaíocht €2 milliún formheasta ag an Aire Airgeadais.

Déantar foráil do fhiachais a éiríonn faoin scéim faoi na socruithe thuas, ach amháin teidlíochtaí a éiríonn maidir le seirbhís bhaill áirithe d'fhoireann NTMA a earcaíodh as réimsí eile den earnáil phoiblí. Ar 7 Aibreán 1997 d'ainmnigh an tAire Airgeadais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar eagraíocht formheasta chun críche na Scéime Earnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse). Déanann an t-ainmniú sin foráil, inter alia, le ranníocaíochtaí a dhéanamh, de réir agus nuair a bhíonn sochair dlite le n-íoc sa ghnáthchúrsa, maidir le hiar-státseirbhísigh fostaithe ag an nGníomhaireacht. Níl aon fhoráil déanta do íocaíocht de theidlíochtí dá leithéid a mhaoiniú.

Thug an Gníomhaireacht €92,817 (2003: €45,598) freisin chuig Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta PRSAs do roinnt fhostaithe nach raibh ina mbaill den scéim sochair sainmhínithe i 2004.

7. Sochair Scoir FRS17

Tá luacháil na scéime sochair sainmhínithe úsáidte ar mhaithe le faisnéisithe FRS17 bunaithe ar shonraí a chuir Riarthóir na Scéime ar fáil. Tá sé tugtha suas chun dáta ag achtúire neamhspleách chun riachtanais an FRS17 a thógáil san áireamh chun na dliteanais a mheas ar dháta an chláir chomhardaithe. Luaitear sócmhainní na scéime ag a margadhluach ar dháta an chláir chomhardaithe.

Is mar seo a leanas a bhí na boinn thuisceana a úsáideadh chun na dliteanais scoir faoi FRS17 ar 31 Nollaig 2004 agus 31 Nollaig 2003 a ríomh:

Modh luachála	31 Nollaig 2004 Aonad Fortheilgthe	31 Nollaig 2004 Aonad Fortheilgthe
Ráta lascaine	4.75%	5.25%
Ráta boilscithe	2.25%	2.25%
Méaduithe tuarastail	4.25%	4.25%
Méaduithe pinsin	2.25%/4.25%	2.25%/4.25%

Ba iad seo a leanas margadhluach na sócmhainní agus na bhfiachas sa scéim pinsin do 2003/2004 agus ráta aischuir ionchais fhiachais na scéime ar 31 Nollaig 2003 agus 31 Nollaig 2004:

	Aischur Ionchais 31-12-2004	Aischur Ionchais 31-12-2003	Luach ag 31-12-2004 €'000	Luach ag 31-12-2003 €'000
Cothromais	7.30%	7.75%	13,178	9,591
Bannaí	3.80%	4.75%	1,622	1,684
Maoín	5.30%	5.75%	943	892
Eile	2.00%	3.00%	855	311
Margadhluach iomlán na sócmhainní			16,598	12,478
Luach reatha na bhfiachas scéime fabhráithe			(29,486)	(24,330)
Farasbarr/ (Easnamh)*			(12,888)	(11,852)
Creidmheas cánach iarchurtha coibhneasta			(0)	(0)
Fiachas pinsin glan			(12,888)	(11,852)

Is iad seo a leanas na boinn thuisceana airgeadais úsáidte chun comhchodanna an chostais sochair sainmhínithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004 a ríomh:

Modha luachála	Aonad Fortheilgthe
Ráta lascaine	5.50%
Ráta boilscithe	2.25%
Méaduithe tuarastail	4.5%
Méaduithe pinsin	2.25%/3.50%

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais ar lean

31 Nollaig 2004

7. Sochair Scoir FRS17 (ar lean)

Is mar seo a leanas atá an anailís den mhéid a chuirfí chun dochair do bhrabús oibríochta:

	€'000
Costas Seirbhíse Reatha	(916)
Costas Seirbhíse Roimhe Seo	-

Is mar seo a leanas atá an anailís ar an méid a chuirfí chun sochair d'ioncam airgeadais eile:

	€'000
Ús ar dhliteanais scéime	(1,314)
Aischur ionchais ar shócmhainní na scéime	<u>917</u>
Aischur glan	(397)

Is mar seo a leanas atá an Ráiteas ar Ghnóthachain agus (Chailteanais) Aitheanta Iomlána:

	€'000
Aischur iarbhír lúide aischur ionchais ar shócmhainní na scéime	252
Gnóthachain agus cailteanais taithí	(842)
Athruithe i mboinn thuisceana	<u>(2,543)</u>
Caillteanas achtúire a d'aithneofaí i STRGL	(3,133)

Is mar seo a leanas atá an anailís ar ghluaiseacht i bhfarasbarr (easnamh) le linn na bliana:

	€'000
Farasbarr (Easnamh) ag tosach na bliana	(11,852)
Costas seirbhíse reatha	(916)
Ranníocaíochtaí	3,410
Costais seirbhíse roimhe seo	-
Ioncam airgeadais eile	(397)
Gnóthachan achtúire (cailteanas)	<u>(3,133)</u>
Farasbarr (Easnamh) ag deireadh na bliana	(12,888)

8. Sócmhainní Airgeadais

Chuaigh an Ghníomhaireacht le TARGET le linn 1999, córas socraíochta fíor-ama arna riaradh ag IRIS Ltd. Úsáidtear an córas chun idirbhearta euro a shocrú trí Chóras Eorpach de Bhainc Cheannais. Mar choinníoll ballraíochta, bhí ar an nGníomhaireacht €63,487 a íoc, roinnte mar seo a leanas:

- 20 gnáthscair IR£1 (€1.27) ceannaithe ar cothrom
- €24,178.82 mar iasacht inaisíochta thar an tréimhse dar tús 30 Meán Fómhair 1999 agus dar críoch 30 Meán Fómhair 2003. D'aisíoc IRIS Ltd. an tsuim dheiridh de €3,125 ar 29 Eanáir 2004.
- €39,282.70 mar ranníocaíocht caipitil neamh-inaisíochta, inathshlánaithe agus neamhchoinníollach don chomhlacht. Tá amúchadh déanta air seo thar 5 bliana.

Ba é an stádas ar 31 Nollaig 2004 ná:

	€
larmhéid tosaigh	11,006
Amúchadh	(7,857)
Aisíoc iasachta faighte	(3,124)
larmhéid deiridh	<u>25</u>

9. Ioncam an Chiste Lárnaigh

Is figiúr fabhráithe é seo áit a bhfuil na costais NTMA atá le feiceáil ar an Ráiteas ar Sheirbhísí an Fhéich mar airgead tirim tarraingthe ón gCiste Lárnach. Réitítear na figiúirí seo mar seo a leanas:

	2004 €	2003 €
Ioncam an Chiste Lárnaigh de réir gach Ráiteas ar Sheirbhísí an Fhéich	18,862,965	14,916,769
Gluaiseacht i bhFéichiúnaithe an Chiste Lárnaigh (nóta 3)	(468,058)	29,128
Ioncam ón gCiste Lárnach de réir an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais	<u>18,394,907</u>	<u>14,945,897</u>

Ní áirítear €30,000 táillí Boird na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais in ioncam an Chiste Lárnach de €18,862,965.

10. Costais NTMA mar Bhainisteoir

Ba €3.4 milliún (2003: €3.16 milliún) na costais a thabhaigh an NTMA mar Bhainisteoir ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin. Bhí na costais a thabhaigh an NTMA chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh don Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais mar €1.8 milliún (2003: €1.53 milliún). Tá na costais seo áirithe sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



Ciste Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist Ráitis Airgeadais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 Nollaig 2004

Clár Ábhair

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	83
Polasaithe Cuntasaíochta	84
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	85
Clár Comhardaithe	86
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	87 – 90

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 84 go dtí 90, atá sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais, scrúdaithe agam de réir caighdeán iniúchóireachta.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim chun críoch m'iniúchta.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith an Chiste agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an Chiste ar an 31 Nollaig 2004 agus ar a idirbheartanna don bhliain dar críoch sin.



John Purcell

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

20 Meitheamh 2005

Polasaithe Cuntasaíochta

Cúlra

Déanann an tAire Airgeadais ráthaíocht ar aisíocaíocht agus ar sheirbhísiú airgid a infheistíonn taisceoirí i mBanc Coigiltis Oifig an Phoist. Tarchuireann An Post fáltais ghlana ó infheistíocht dá leithéid chuig an nGníomhaireacht. Ní cuid den Stáitchiste é Ciste Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist. Tá na príomh aidhmeanna seo a leanas ag an gciste:

- airgead a chuireann taisceoirí ar fáil a infheistiú, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht idirbhearta tráinsithe, cealaithe, díolachán agus athcheannach agus trádáil margaidh tánaisteach a idirbheartú, agus
- airgead a sholáthar faoi na Seirbhísí Stáitchiste Lárnacha do chomhlachtaí stáit ainmnithe.

Is mar seo a leanas atá na polasaithe cuntasaíochta suntasacha atá glactha ag an gciste:

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an EURO an t-airgeadra tuairiscithe, arb í an tsiombail € an sainchomhartha dó.

Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.


Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí ag costas.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €	2003 €
Ioncam infheistíochta	1	<u>38,738,230</u>	<u>35,483,429</u>
Ús íoctha agus iníoctha	2	9,697,956	7,699,408
Costais eile	3	<u>27,823,442</u>	<u>25,529,387</u>
		<u>37,521,398</u>	<u>33,228,795</u>
		1,216,832	2,254,634
Iarmhéid ag tosach na bliana		9,725,414	7,470,780
Iarmhéid ag deireadh na bliana		<u>10,942,246</u>	<u>9,725,414</u>



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


15 Meitheamh 2005

Tá na nótaí ar leathanaigh 87 go 90 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Clár Comhardaithe

31 Nollaig 2004

		2004	2003
	Nótaí	€	€
Sócmhainní			
Réamh-íocaíochtaí	4	1,009,900,488	945,511,899
Infheistíochtaí i mBannaí	5	83,625,032	81,328,444
Féichiúnaithe	7	9,596,196	4,896,993
Iasachtaí an Stáitchiste Lárnaigh		70,157,016	98,071,599
Páipéar Tráchtála	10	132,571,619	-
Airgead Tirim		9,180,041	5,838,486
		<u>1,315,030,392</u>	<u>1,135,647,421</u>
Dliteanais			
Taiscí Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist	8	1,300,732,101	1,125,231,773
Creidiúnaithe	9	3,356,045	690,234
Cúlchistí Carntha		10,942,246	9,725,414
		<u>1,315,030,392</u>	<u>1,135,647,421</u>



Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2005

Tá na nótaí ar leathanaigh 87 go 90 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Ioncam Infheistíochta

	2004	2003
	€	€
Ús faighte agus infhaighte	35,647,819	34,788,288
Brabús/(Caillteanas) ar infheistíochtaí a dhíol	3,090,411	695,141
	<u>38,738,230</u>	<u>35,483,429</u>

2. Ús Íoctha agus Iníoctha

	2004	2003
	€	€
Ús íoctha agus curtha chun sochair		
taisceoirí ag Banc Coigiltis Oifig an Phoist	9,697,956	7,699,408
	<u>9,697,956</u>	<u>7,699,408</u>

3. Costais Eile

	2004	2003
	€	€
Costais bhainistíochta	27,823,442	25,529,387
	<u>27,823,442</u>	<u>25,529,387</u>

Íoctar costais bhainistíochta le An Post i ndáil le riarachán Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist.

4. Réamh-íocaíochtaí

	2004	2003
	€	€
Réamh-íocaíochtaí leis an Státhchiste	1,009,223,063	944,434,474
Réamh-íocaíochtaí le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit	677,425	1,077,425
	<u>1,009,900,488</u>	<u>945,511,899</u>

Léiríonn réamh-íocaíochtaí cistí Bealaí agus Maoine, atá tugtha ar iasacht don Státhchiste agus do Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

5. Infheistíochtaí

	2004 €	2003 €
Bannaí		
Ag costas	83,625,032	81,328,444
Ag margadhluach	<u>84,831,259</u>	<u>81,492,630</u>

Sceideal Sealúchais Infheistíochta:-

Ainmniúil €	Stoc	Costas €
510,312	3.5% Banna Státchiste 2005	516,132
25,000	12.5% Stoc Caipitiúil 2005	29,995
172,767	8% Banna Státchiste 2006	191,144
173,531	9% Stoc Caipitiúil 2006	193,176
52,068	4.25% Banna Státchiste 2007	54,376
296,276	6% Banna Státchiste 2008	329,045
24,698	8.25% Stoc Caipitiúil 2008	29,427
18,077,483	3.25% Banna Státchiste 2009	18,267,725
156,503	4% Banna Státchiste 2010	162,577
43,015	8.5% Stoc Caipitiúil 2010	55,204
26,000	8.75% Stoc Caipitiúil 2012	34,874
27,214,258	5% Banna Státchiste 2013	30,263,928
83,460	8.25% Banna Státchiste 2015	113,532
11,619,611	4.6% Banna Státchiste 2016	11,986,351
21,000,000	4.5% Banna Státchiste 2020	21,397,546
<u>79,474,982</u>		<u>83,625,032</u>

6. Comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannach

Déantar comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannach a idirbheartú idir Ciste Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist agus príomh dhíoltóirí sa mhargadh bannaí. Léirítear an t-ioncam coibhneasta nó costas úis a thagann ó na hidirbhearta seo in ioncam infheistíochta sa chuntas loncaim agus Caiteachais.

7. Féichiúnaithe

	2004	2003
	€	€
Díbhinní agus ús infhaighte	3,520,888	2,461,540
Socruithe Bannaí gan íoc	-	437,136
Iarmhéideanna airgid tirim i seilbh An Post	6,075,308	1,998,317
	<u>9,596,196</u>	<u>4,896,993</u>

8. Taiscí POSB

	2004	2003
	€	€
Taiscí ó Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist	1,300,732,101	1,125,231,773
	<u>1,300,732,101</u>	<u>1,125,231,773</u>

Áirítear leis na taiscí €257,665,348 (2003: €164,622,921) maidir leis na Cuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta (SSIA). Tá na SSIA faoi réir cháin scoir de 23% ar an ús a shaothraíonn an cuntas nuair a théann sé in aibíocht tar éis 5 bliana agus 30 lá ó dheireadh na míosa ar íoc an taisceoir an chéad íocaíocht isteach sa chuntas SSIA. Áirítear oll-ús carntha de €7,333,383 (2003: €4,383,480) leis na taiscí SSIA a bheidh faoi réir cháin ag 23% ar dháta aibíochta an SSIA ar an aischur infheistíochta i.e. ús tuillte. Sa chás go dtarraingíonn taisceoir airgead amach roimh an dáta aibíochta ainmnithe (5 bliain agus 30 lá) beidh suim iomlán an phrionsabail agus an úis faoi réir cháin ag 23%.

